

SCÁTHÁN

2019



IRIS GHAEILGE
OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA

Bhí comórtas scríbhneoireachta Gaeilge ar siúl do mhic léinn uile na hOllscoile le linn na bliana 2019. Comhghairdeas ó chroí leis na buaiteoirí—tá a saothar le léamh anseo san iris. Agus buíochas mór le gach duine a chuir isteach ar an gcomórtas. Bígí ag scríobh don bhliain seo chugainn!

Ár mbuíochas freisin leis na foilsitheoirí a thug urraíocht do dhuaiseanna an chomórtais i mbliana: **Cló Iar-Chonnacht, Coiscéim, Comhar, Futa Fata** agus **Tuairisc.ie**.

Clár Scáthán 2019

3

RÉAMHRÁ

Ciarán Mac Murchaidh

4

MO SHAOL OLLSCOILE

Daithí de Buitléir

8

AN CUMANN GAELACH 2018–2019

Ruairí Egan

10

SIOSCADH AR NA SEILFEANNA

Réaltán Ní Leannáin

13

SPLANCFHICSEAN: MIC TÍRE

Deirbhile Ní Chathail / Eimhear
Nic Comhaill

14

SPLANCFHICSEAN: COCHAILLÍN DEARG—LEAGAN EILE

Ailbhe Kelly

15

STAONADH DIGITEACH

Clíona Hughes

16

BINN CHIT ÚNA

Caoimhe Nic Pháidín Ní Dhomhnaill

18

AN CATH SÍORAÍ

Dara de Poire

19

FILL ARÍS

Helen Hickson

20

CUIMHNÍ CUÍ

Caoimhe Nic Pháidín Ní Dhomhnaill

21

AR SCÁTH A CHÉILE— SÚIL SIAR AR 2019

Réaltán Ní Leannáin

22

SPLANCFHICSEAN: PÚCAÍ

Kathryn Smyth / Amy Doyle /
Ailbhe Kelly / Orlaith McMahon /
Eavan Trainor / Laoise Ní Laoire

24

DIALANNA SHEÁIN UÍ RÍORDÁIN

Pádraig Ó Liatháin

26

TAIGHDE AR MHIONLOGAINMNEACHA

Justin Ó Gliasáin

27

SEÁN MAC MATHÚNA AGUS BÉALOIDEAS NA mBAN IN IARTHUAISCEART AN CHLÁIR

Michelle Dunne

29

FEIDHMIÚLACHAS IN AISTRIÚCHÁN DRÁMAÍOCHTA NA GAEILGE

Jamie Murphy

30

SPLANCFHICSEAN: OÍCHE SHAMHNA

Sinéad Curran

31

SPLANCFHICSEAN: DHÁ SCÉAL

Críostiona Ní Laimhín

32

SPLANCFHICSEAN: DOMHAN HARRY POTTER

Rebecca Woods

33

SPLANCFHICSEAN: DÁNTA GRÁ

Amy Doyle / Laoise Ní Laoire /
Orlaith McMahon / Jackie Rainey /
Ailbhe Kelly / Seán Hayes /
Éamonn Ó Colm / Sinéad Curran /
Claire Madden

36

TABHAIR AIRE DUIT FÉIN AR LÍNE

Seán Ó Nualláin

SCÁTHÁN 2019

Coiste eagarthóireachta

Caitríona Ní Chléirchín
Caoimhe Nic Lochlainn
Réaltán Ní Leannáin

Dearadh agus maisiú

Ronan Doherty

Scribhneoirí

Is iad mic léinn, iar-mhic léinn agus foireann reatha Ollscoil Chathair Bhaile Cliath a scríobh na míreanna san iris seo. Luaitear cúrsa agus bliainghrúpa na mac léinn idir lúbíní nuair is cuí.

Buíochas

Ciarán Mac Murchaidh, Ursula Mhic Cárthaigh, foireann Fiontar & Scoil na Gaeilge, Liam Mac Mathúna.

Teagmháil

Rphost: iris.scathan@dcu.ie

Gréasán: www.scathan.ie

Facebook: Scáthán DCU

© Scáthán 2019

Ní gá gurb ionann na tuairimí a nochtar anseo agus tuairimí choiste eagarthóireachta *Scáthán* ná tuairimí aon bhaill foirne de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



Cois Life: Rinneadh ceiliúradh ar shaothar na bhfoilsitheoirí Cois Life ar Champas na Naomh Uile i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá an comhlacht foilsitheoireachta, a tháinig ar an bhfód i 1995, le scor ag deireadh na bliana seo. Duine de bhunaitheoirí Cois Life í Caoilfhionn Nic Pháidín, iar-léachtóir agus iar-Stiúrthóir ar Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Grianghraf: Jim Berkeley/Tuairisc.ie.



Studia Hibernica: Seoladh *Studia Hibernica*, imleabhar 45 ar Champas Naomh Pádraig i mí na Samhna. Díríonn an t-irisleabhar acadúil seo ar léann na Gaeilge agus litríocht na Gaeilge, stair agus seandálaíocht na hÉireann, béaloideas na hÉireann agus an logainmníocht, agus ábhair ghaolmhara eile. Tá an tOllamh Ciarán Mac Murchaidh ar dhuine de chomheagarthóirí an irisleabhair.



Téarma.ie: Seoladh leagan nua den suíomh téarma.ie, An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge, i mí an Mhárta. Is ardán é téarma.ie chun saothar an Choiste Téarmaíochta a fhoilsiú agus tá sé á bhainistiú ag grúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge. Níos deireanaí sa bhliain d'eisigh an grúpa taighde bogearra darb ainm Terminologue, ar uirlis bhainistíochta foinse oscailte don téarmeolaíocht é (www.terminologue.org).

RÉAMHRÁ



FOCAIL LE
CIARÁN MAC MURCHADH
(CEANN SCOILE, FSG)

Tá lúcháir orm fáiltiú roimh eagrán 2019 d'iris Ghaeilge na mac léinn, *Scáthán*. Mar is eol do dhuine ar bith a bhíonn ag plé le hiris a fhoilsiú, baineann dua agus iarracht lena dheimhniú go dtiocfaidh sí ar an fhód go tráthrialta agus go mbeidh sí ar ardchaighdeán. Mórúdar sástachta dom féin agus d'fhoireann Fiontar & Scoil na Gaeilge go bhfuil mic léinn reatha na Scoile chomh sásta agus a bhí a gcomhghleacaithe rompu dul i bpáirt le baill foirne agus leis an Scríbhneoir Cónaithe chun *Scáthán* a thabhairt ar an saol. Is comhartha maith é go bhfuil rannpháirtíocht na mac léinn agus na foirne san obair chomh sláintiúil agus a bhí riamh, agus spreagann a leithéid de chomhfhiontar an dá thaobh a bheith ag comhoibriú lena chéile agus ag foghlaim óna chéile.

Ceapadh Réaltán Ní Leannáin mar Scríbhneoir Cónaithe DCU i dtreo dheireadh Nollaig 2018 agus thosaigh sí sa ról i mí Eanáir 2019. Fáiltíodh go croíúil roimh Réaltán nó is scríbhneoir agus file aitheanta í a bhfuil an t-uafás déanta aici i rith a saoil ar son chur chun cinn na litríochta Gaeilge. Tá an-taithí go deo aici ar bheith ag plé le mic léinn sa chóras ardoideachais agus tá a rian sin le feiceáil ar *Scáthán* 2019. Tá glór na mac léinn taighde le brath ar leathanaigh na hirise—daoine atá i mbun an chéim PhD a bhaint amach ar ghnéithe éagsúla de léann na Gaeilge—agus beidh mic léinn fochéime in ann léargas a fháil ar ilchineálacht an taighde a mbíonn mic léinn dochtúireachta na Scoile ina bhun. Dhá phíosa eile a chuaigh i bhfeidhm go mór orm is ea alt Ruairí Egan faoi imeachtaí an Chumainn Ghaelaigh agus aiste Dhaithí de Buitléir faoina thaithí ollscoile. Is trí ailt den sórt sin a cheaptar

eolas san iris faoi shaol na mac léinn reatha do na glúine atá le teacht. Is breá liom iarrachtaí scríbhneoireachta na mac léinn a léamh agus tá réimse breá díobh ann arís i mbliana, rud a léiríonn go bhfuil féith na cruthaitheachta agus fonn chun pinn beo folláin i measc ár gcuid mac léinn agus go bhfuil ag éirí linn mar fhoireann sciar acu a spreagadh chun triail a bhaint as an scríbhneoireacht agus fóram a chur ar fáil dóibh a gcuid scileanna a chleachtadh.

Is cuidiú mór leis an scéal é, ar ndóigh, go bhfuil an oiread sin daoine ag obair ar fhoireann acadúil na Scoile a bhfuil suim acu i scríbhneoireacht chruthaitheach na Gaeilge. Slí an-mhaith go deo é sin chun dea-shampla a léiriú do na mic léinn agus iad a mhealladh i dtreo na cumadóireachta. Is léiriú iontach ar an dea-shampla sin na píosaí éagsúla atá scríofa ag léachtóirí Fiontar & Scoil na Gaeilge i mbliana. Ina cuid píosaí siúd san iris, pléann Réaltán Ní Leannáin a suim sa scríbhneoireacht agus an spreagadh a fuair sí mar scríbhneoir linn i mbliana. Ag trácht ar chomórtas liteartha atá Caoimhe Nic Lochlainn ina halt siúd sa leagan ar líne den iris, agus léiríonn an t-eolas ann beocht na scríbhneoireachta sna réimsí éagsúla atá idir camáin aici. Cur síos ar a leabhar nua féin a dhéanann Pádraig Ó Liatháin san aiste a scríobh seisean agus is lón machnaimh an méid atá le rá aige faoin saothar.

Féasta léitheoireachta atá in ábhar *Scáthán* 2019 agus is mór an chreidiúint do gach uile dhuine a bhí rannpháirteach san obair go bhfuil iris chomh snasta sin curtha le chéile acu arís i mbliana. Gabhaim buíochas ó chroí libh go léir agus guím gach rath ar an iris.

MION SCÉAL OILSGOILE

ALT LE
DAITHÍ DE BUITLÉIR (CÉIMÍ GG, 2012)

Bhí mé i mo shuí sa seomra ríomhairí timpeall 4.40 agus an plean gnó a bhí mar ábhar tráchtais le bheith istigh agam roimh a 5 nuair a bhuail m'fhón. Bhí bean ag glaoch orm ó Chiste Arthur Guinness le cur in iúl dom go raibh duais €50,000 buaite ag an bhfiontar sóisialta ar a raibh mé ag obair. Níor mhair an glaoch rófhada mar go raibh orm an sprioc-am a chomhlíonadh: mhínigh mé mo chás don bhean, a thosnaigh ag gáire, agus gheall mé di go nglaofaínn ar ais uirthi.

Tamall i ndiaidh a 5, chuaigh mé le glaoch ar ais orthu ach bhí fadhb agam: ní raibh aon chreidmheas fágtha ar m'fhón! Ag an am sin, bhíodh tú in ann 'call-me' a chur chuig daoine—téacs saor in aisce ag iarraidh ar dhuine glaoch ort a bhí ann. An sórt téacs a chuirfeá chuig do mháthair ar mhaithe le hiasacht airgid leis an mbus a fháil abhaile ag an deireadh seachtaine. Cibé ar bith, cheap an bhean ó Diageo go raibh sé an-ghreannmhar agus níor dhein an 'call-me' a chuir mé chuici aon dochar dár gcaidreamh gnó.

Níl ansin ach scéal beag amháin ó na ceithre bliana eachtrúla a chaith mé mar mhac léinn in OCBÁC. Thosnaigh mé i 2008, dáiríre ní raibh cliú agam céard a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh. Fuair mé pointí san Ardteist a bhí maith a dhotháin go raibh mé in ann aon chúrsa sa tír a roghnú. Bhí an-suim agam i dteangacha ag an am sin ach ní raibh mórán suime agam iontu mar ábhair iontu féin. Mar dhuine a dhein a chuid oideachais trí Bhéarla ar scoil, bhí



Ag glacadh páirte i Rith 2010.

dúshlán i gcéim Ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge a bhí mealltach dom.

Bhí stíl foghlama neamhspleách go maith agam i gcónaí. Is dócha, ag breathnú siar, go raibh Fiontar an-fheiliúnach do mo stíl foghlama. Bhí na



Daithí de Buitléir, Paul Gillick agus Kevin Bolger tar éis gradam agus seic 50,000 euro a bhaint ó Chiste Arthur Guinness. Bhí sé seo ar an scéim is mó d'fhiontraithe sóisialta in Éirinn ag an am.

ranganna beag, bhí cúlra tionsclaíoch ag an gcuid is mó de na léachtóirí agus bhí siad breá sásta dioscúrsa a spreagadh sa rang in áit díreach 'bás trí Powerpoint'. Bhí solúbthacht ann freisin maidir le measúnachtaí—thuig mé ó dhaoine ag déanamh cúrsaí eile gur dúradh leo teideal aiste a roghnú ó liosta. Inár gcás féin, is minic a dúradh linn ábhar aiste a bhain leis an gcúrsa a roghnú agus aiste a scríobh air—in amanna, bheinn scaoilte go maith leis seo. Nuair a bhí daoine eile ag scríobh aistí do Staidéar Eagraíochtaí faoi Google agus Apple, bhí mise ag scríobh faoi La Cosa Nostra. Nuair a bhí daoine eile i mbun taighde ar Acht na gComhlachtaí in Éirinn mar chuid de Rialachas Corparáideach, bheinn féin ag breathnú ar na himpleachtaí a bhí ag an gcumannachas ar luath-rialachas sa Rúis. Thaitin seo go mór liom, tugadh an tsaoirse duit aire a thabhairt do d'fhoghlaím féin; rud a d'fheil go mór dom agus a sheas go mór liom.

In ainneoin an churaclaim acadúil chuimsithigh a cuireadh ar fáil, is lasmuigh den seomra ranga is mó a d'fhorbair mé mar dhuine agus mé ar an gcoláiste. Ar nós go leor daoine, chaith

mé an chéad bhliain ar an drabhlás. Bhí mé amuigh cúpla uair sa tseachtain ar a laghad agus bhí sé go maith anonn sa dara bliain faoin am gur oibrigh mé amach cá raibh an leabharlann. Bhí go leor taitnimh le baint as an bhfiántas

seo ach is dócha go raibh níos mó uaim ó eispéireas na hollscoile.

Nuair a bhí mé sa dara bliain bhí mé páirteach sa Chumann Gaelach san ollscoil. An uair sin ní raibh an Cumann rógghníomhach agus ní raibh mórán de chreatlach forbartha ann. Chuir scata againn go leor fuinnimh leis agus d'éirigh linn turais a eagrú in Éirinn agus thar lear, chuir muid drámaí ar siúl agus d'fhoilsíomar irisleabhar i measc go leor eile. Ní hé gur éirigh go rómhaith le gach

rud. Is cuimhin liom gur tháinig cúigear chuig an dráma agus níor mhaith liom an t-irisleabhar a fheiscint anois—ag an am

bhíomar an-bhródúil as, ach ní fheadar cén cruth a bheadh ar an dearadh i gcomparáid leis na rudaí snasta atá ann na laethanta seo.

Ceann de na rudaí is spleodraí a d'eagraíomar an t-am sin ná rud darbh ainm Gaelbreak. Tá an múnla seo i ndiaidh fás in Éirinn le tamall de bhlianta ach an t-am sin ba muid an chéad dream in Éirinn lena mhacasamhail a leanúint. Go bunúsach, is comórtas a bhí ann ina raibh ar dhaoine taisteal chuig an oiread contaetha agus ab fhéidir leo laistigh de 24 uair a chloig gan aon airgead a chaitheamh agus gan aon iompar pearsanta a úsáid.



Rang Washington Ireland Program 2011 ag seasamh ar chéimeanna Capitol Hill.

Is cuimhin liom go bhfuair mé féin agus mo chara Jeff bus saor in aisce isteach go lár na cathrach buíochas le Dublin Bus. Chuamar síos chuig Staisiún Uí Chonghaile agus muid ag iarraidh ticéid saor in aisce a fháil ar thraein éigin go haon áit trí Ghaeilge. Níor thuig foireann na dticéad sinn in aon chor agus thóg siad an bainisteoir amach le labhairt linn ach ní raibh tuiscint rómhaith aige siúd ar an nGaeilge ach an oiread. Ar deireadh



Scéim amháin de chuid RAG a bhí i mBus Banter a chuaigh i ngleic le huaigneas cathrach.

bhí glantóir ag siúl tharainn a bhí tar éis a bheith i nGaelscoil agus í níos óige. D'fheidhmigh sí mar ateangaire eadrainn agus d'éirigh linn dhá thicéad aonbhealaigh a fháil saor in aisce go Béal Feirste.

Mar dhuine a d'fhás aníos i gCill Chainnigh ní raibh mórán de chur amach agam ar an saol ó thuaidh agus ba é sin mo chéad uair sna sé chontae. Is cuimhin liom agus muid ag tarraingt amach ón stáisiún gur chas mé chuig Jeff ag fiafraí an raibh a phas leis. Ní raibh ceachtar againn cinnte an bhfaigheadh muid thar an teorainn gan phas!

Ar an traein chéanna chualamar beirt eile ag labhairt Gaeilge. Chuamar ag labhairt leo agus mar a tharla sé, bhí siad beirt ag dul suas go seoladh Rith 2010, féile phobail nua a bhí bunaithe ar an Korrika i dTír na mBascach. An rud a bhí i gceist le Rith ná rás sealadaíoch 1,600km timpeall na tíre ag spreagadh na Gaeilge. Thug siad cuireadh dúinn freastal ar an seoladh i Halla na Cathrach. Bhí muid den tuairim go mbeadh daoine ann a bheadh ag dul go contaetha eile agus go mbeadh sin ina thúspointe maith don chuid eile dár nGaelbreak.

Ag deireadh an tseolta, d'iarr na heagraithe orainn fanacht leo ag cabhrú ar feadh lae amháin, agus tar éis an lae, d'iarr siad orainn an mbeadh suim againn fanacht don chúrsa iomlán. Ní raibh Jeff in ann fanacht ach tar éis glaoch ar chúpla léachtóir le síneadh ama a fháil ar roinnt measúnachtaí, d'fhan mé féin don chúrsa iomlán. Chríochnaíomar ar Inis Mór ar Lá Fhéile Pádraig, rud atá mar eispéireas ann féin d'éinne.



Ag seoladh The Raggies, scéim aitheantais do mhic léinn a chuaigh i bhfeidhm ar a bpobal áitiúil.

Ar an turas sin, bhuail mé le go leor daoine spreagúla agus suimiúla ach nuair a tháinig mé abhaile bhraith mé go raibh folús i mo shaol ó thaobh cúrsaí teanga. In ainneoin go raibh mé ag déanamh céim trí Ghaeilge agus go raibh mé ag plé le Cumainn Ghaelacha srl. is go fíorannamh a labhair mé Gaeilge mar theanga nádúrtha shóisialta le mo phiarghrúpa féin. Chonaic mé le Rith 2010 na tréan-iarrachtaí a bhí ar siúl ag daoine leis an nGaeilge a spreagadh timpeall na tíre. Faraor, bhraith mé go raibh easnamh mór ann. B'shin nach raibh aon áit ann do dhaoine óga Gaeilge a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.

Ag deireadh 2010, tháinig grúpa beag againn le chéile agus muid ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an dúshlán áirithe sin. Is as an gcruinniú sin a d'eascair Na Gaeil Óga CLG, club CLG lán-Ghaeilge i mBÁC agus ceapadh mise mar Chathaoirleach Bunaithe ar an gCumann. Chuamar chun páirce den chéad uair i 2010, le cnámh droma láidir de mhic léinn OCBÁC inár measc. Tá fás ollmhór tagtha ar an gCumann ó shin. Anois tá 25 foireann againn le breis is 500 ball imeartha. Tá a mhacasamhail de chlubanna cruthaithe in áiteanna cosúil leis an nGaillimh agus Béal Feirste

agus bláth ag teacht ar ghluaiseacht na nGaelchlubanna dá réir.

Is dócha gur seo an chéad aistear fiontraíochta ar a raibh mé agus bhí go leor le foghlaim uaidh maidir le conas daoine a ghríosadh le díriú ar fhís, conas daoine a eagrú agus conas fuinneamh a mhúscailt i ndaoine. An rud is mó a d'fhoghlaim mé ná an méid is féidir le grúpa beag daoine a bhaint amach.

Bunaithe ar an obair sheach-churaclaim ar fad a bhí idir lámha agam,



Ag Gradaim Nuálaíochta an Irish Times i 2018, áit ar bronnadh an chéad duais ar ParkOffice sa rannóg inmharthanachta.

roghnaíodh mé don Washington Ireland Program i samhradh 2011. Seo scéim scoláireachta trasteorann ina dtugtar daoine ó chúlráí difriúla go Washington DC agus cuirtear iad trí dhianscéim cinnireachta. Bhí tionchar mór ag an samhradh sin orm. Bhuail mé le grúpa daoine a bhí spreagtha lena gcuid smaointí agus sásta fuinneamh a úsáid chun an domhan mórtimpeall orainn a fheabhsú.

Díreach sular imigh mé go Meiriceá, bhí fear eile ó Fiontar darb ainm Rónán Ó Dálaigh agus mé féin ag caitheamh roinnt smaointe le chéile ar conas a d'fhéadfaimis saol na hollscoile a fheabhsú dár bpiarghrúpa. Bhraith muid beirt nach raibh rudaí seach-churaclaim mealltach go leor don ghnáth-mhac léinn agus bhí an taighde ann ag an am sin a léirigh nár ghlac ceathrar as gach cúigear páirt in aon rud seach-churaclaim riamh agus iad ar an gcoláiste.

Nuair a tháinig mé ar ais ó Mheiriceá lán le smaointí agus spleodar, thosnaíomar ag obair ar ghluaiseacht úr darb ainm DCU RAG. Bhí muid ag iarraidh beocht na mac léinn a mhúscailt le díriú ar fhadhbanna sa tsochaí mórtimpeall orainn ach bhíomar ag iarraidh é a dhéanamh

ar bhealaí a bheadh spráíúil. Bhí an dearcadh ann gurbh ionann obair charthanachta agus díolacháin cistí. Bhí muid ag iarraidh a chruthú nach sin a bhí ann.

Ar chúis éigin, d'éirigh thar cionn leis. Bhí cíocras ollmhór ar mhic léinn tuilleadh brí a bhaint amach as a n-eispéireas ollscoile. Taobh istigh de chúpla mí ba muid an cumann ollscoile is mó ar champas agus ag eagrú na n-imeachtaí is mó den bhliain. Bhí na céadta mac léinn ag déanamh obair dheonach linn sa phobal áitiúil. Bhí daoine eile ag cur a gcuid smaointe nuálacha féin i bhfeidhm agus ag cruthú tograí éagsúla, mar shampla, ceann a mhúin stair do dhaltáí i mBaile Munna trí rapcheol, agus ag iompar an éitis leo gur chóir go mbeadh obair phobail spráíúil do gach éinne.

Luath tar éis na Nollag thosnaigh muid ag fáil iarratas ó mhic léinn i gColáistí eile a bhí ag iarraidh a mhacasamhail a chruthú ina gcoláistí féin. Thart faoin am seo, thosnaíomar ag smaoinemh ar na bealaí go mbeadh muid in ann an cur chuige seo a scaipeadh mórthimpeall na tíre.

Chuir muid isteach ar chomórtas maoinithe agus trí chomhtharlúint aisteach bhuail mé le billiúnaí aitheanta ar an mbealach amach as leithreas poiblí lá amháin. Bhailíomar ciste maoinithe le chéile agus sheolamar RAG Ireland leis an obair a leathnú mórthimpeall na tíre.

Dhírigh mé féin agus duine eile de na bunaitheoirí ar DCU RAG, Paul Gillick, ar an bhforbairt seo go lán-aimseartha ar feadh dhá bhliain tar éis dúinn an coláiste a chríochnú. Níor theastaigh uainn riamh a bheith mar óg-charthanacht chaighdeánach agus tar éis cúpla bliain, bhraith muid go raibh muid ag labhairt faoi airgead níos minice ná an tionchar a bhíomar ag imirt ar an bpobal agus bheartaíomar siúl ón togra. Thar tréimhse trí bliana d'éirigh linn fuinneamh 10,000 mac léinn ar 12 champas a mhúscailt agus tá go leor den obair mhaith sin fós ag dul ar aghaidh.

In ainneoin go raibh go leor foghlamtha agam ó mo thaithí ollscoile agus fiontraíochta, bhraith mé ag an bpointe sin go raibh an ollchumarsáid mar laige de mo chuid agus theastaigh uaim na sainscileanna margaíochta a

fhoghlaim ó chuid de na comhlachtaí is mó ar domhan. Chuaigh mé isteach ansin ag obair le comhlacht margaíochta agus fógraíochta darbh ainm Thinkhouse. Bhí spórt mar sainábhar agam agus d'oibrigh mé ar urraíochtaí spóirt do chomhlachtaí móra ar nós Unilever, Heineken agus Three Mobile i gcomhpháirtíocht leis an UEFA Champions League, Formula One, GAA, Rugby World Cup, Olympics srl. D'fhoghlaim mé go leor faoi na meáin shóisialta, fógraíocht, caidreamh poiblí, urraíocht srl. le linn an ama seo. Faraor, theastaigh uaim i gcónaí filleadh ar an bhfiontraíocht arís.

Tríd an obair bhuail mé le fear darb ainm Garret Flower a bhí ar tí comhlacht úr a thosnú agus bheartaigh mé léim isteach sa bhád leis. Sheolamar Parknp in Aibreán 2017 mar mhargadh ar líne ina raibh daoine in ann a gcuid spásanna páirceála príobháideacha a chur ar cíos dá chéile. Tháinig fás spleodrach orainn agus breis is 70,000 úsáideoir anois againn timpeall na hEorpa.

B'fhéidir bliain isteach san aistear, d'aithníomar go raibh deis i bhfad níos mó ann san earnáil pháirceála. I gcomhar gach 1,000 troigh chearnach de spás oifigí, tá 900 troigh chearnach de pháirceáil oifige. Faraor, tá úsáid an-mhí-éifeachtach á baint as an spás sin faoi láthair. Luíonn spásanna folamh ar feadh tréimhsí fada nuair atá daoine ag obair as baile nó ar saoire. Ag an am céanna tá daoine nó comhlachtaí ag íoc as tuilleadh spásanna. Chruthaíomar teicneolaíocht darb ainm ParkOffice a bhainistíonn páirceáil do chomhlachtaí. Méadaíonn sé líon na ndaoine gur féidir leo páirceáil ag an oifig tuairim is 40%,

rud a shábhálann na céadta mílte ar na comhlachtaí in aghaidh na bliana.

Tá ParkOffice ag fás go rábach ó thús na bliana seo. An rud is fearr faoi bhogearraí ná gur féidir le héinne, aon áit ar domhan iad a úsáid. Tá custaiméirí móra againn ar 4 mhór-roinn cheana féin! Táim lán le dóchas don todhchaí, tá ár gcathracha ag méadú i gcónaí agus teastaíonn freagraí nuálacha le cinntiú gur spásanna uirbeacha inmharthana a bheidh iontu. I ngach cathair fhorbartha ar domhan tá tuairim is 4 spás páirceála i gcomhair gach cairr agus ní féidir le daoine páirceáil a aimsiú. Más féidir linn cabhrú le daoine spás a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus má chiallaíonn sin gur féidir linn roinnt den spás eile a chur ar fáil do thithíocht nó áiseanna pobail, is saibhre a bheas ár sochaí dá bharr.

Cibé rud a tharlaíonn, tá scileanna forbartha agam i mo luathghairm a sheasfaidh liom go deo. An tábhacht le meon oscailte agus an méid is féidir a bhaint amach nuair a dhíríonn tú d'intinn air. Táim buíoch i gcónaí de leithéidí Chiaráin Mhic an Bhaird, Mairéad Nic Giolla Mhicíl, Emer Ní Bhrádaigh agus Cathal Furey a chabhraigh liom ar an aistear seo. Is iomaí uair a leaindeáil mise isteach chuig a n-oifigí le mo smaoinemh is déanaí a phlé leo agus bhí siad i gcónaí foighneach agus comhairleach. Ach is cuma cén coláiste chuig a dtéann tú nó mura dtéann tú chuig coláiste ar bith, mholfainn do dhaoine a luathfhichidí a chaitheamh ag dul amach ag déanamh rudaí, ag eagrú rudaí, ag bualadh le daoine le smaointe úra. Foghlaimíonn tú i bhfad níos mó fút féin an bealach seo ná mar a fhoghlaimíodh tú riamh i seomra ranga.

Ag dul chun páirce leis Na Gaeil Óga, an cumann spóirt is mó fás in Éirinn faoi láthair.



AN CUMANN GAELACH



ALT LE
RUAIRÍ EGAN (MMA1)

Bhí deis agam anuraidh bheith mar Reachtaire ar cheann de na cumainn is mó sa choláiste, an Cumann Gaelach. Tháingamar isteach le plean láidir ag tús na bliana. Bhí imeacht againn beagnach gach lá den chéad choicís chun go mbeimis le feiceáil go soiléir ag an líon is mó mac léinn agus ab fhéidir. Bhí imeachtaí ar nós Pizza & Plé, Pop-Up Gaeltacht agus turas go Shite Nite i NuBar eagraithe againn. Ag laethanta na gcumann, is léir gur éirigh leis an bplean toisc go bhfuairamar os cionn 350 ball, an líon is mó ball a bhí ag an gCumann riamh! Tháinig roinnt buaicphointí ina dhiaidh sin i rith na bliana.

Go seachtainiúil sa Chumann, bhí dhá imeacht againn a thug deis do na baill freastal ar imeachtaí go rialta chun a scíth a ligean agus a gcuid den teanga a úsáid. Bhí Tae & Plé ar siúl sa Seomra Caidrimh ar Champas Phádraig gach Máirt ag a haon agus bhí Club Comhrá againn sa Seomra LanguaCulture ar Champas Ghlas Naíon gach Déardaoin ag an am céanna.

Bhí tae, caife, briosaí agus (uaireanta!) pizza ar fáil ag na himeachtaí seo, rud a chruthaigh atmaisféar réchuireach dúinn le foclóir a bhailiú, leis an modh coinníollach a dhaingniú agus lenár muinín in úsáid na teanga a fhorbairt. Bíonn siad go fóill ar siúl, le Club Comhrá aistrithe go baile nua sa U, ionad na mac léinn ar an gCéadaoin ag a haon a chlog.

I Mí na Samhna, is go Cill Airne, Co. Chiarraí a chuamar leis an bhféile is mó den bhliain a cheiliúradh, Oireachtas na Samhna. Ní chaillimid an tOireachtas riamh agus bhí 40 againn ar an mbus ar fad ar bís don turas, go háirithe iad siúd a d'fhreastail ar an bhféile roimhe seo agus a thuig an scléip a bhí ag fanacht leo i gContae na Ríochta. Oíche Dé hAoine, bhí chuile dhuine gléasta suas agus ullmhaithe do Chóisir na Mac Léinn. De réir an chomhrá a bhí le cloisteáil, cheapfa nach raibh duine ar bith ach Kneecap ag seinm ann!

I mbliana ag an Oireachtas, ní rabhamar ann le bheith ag cóisireacht amháin, áfach; bhí foireann díospóireachta ó DCU i gcaobh tríú leibhéal Gael Linn den chéad uair riamh. Ar an bhfoireann bhí Catherine Ní Cheallaigh, Ionadaí

Céad Bhliana, agus Caoimhe Ní Chonghaile, Gnáthbhall, agus thug siad go fíochmhar faoin gcomórtas maidin Dé Sathairn. Bhí siad tar éis teacht trí réamhbhabhta agus tháinig slua ó DCU le tacú leo. In iomaíocht leo i mBálsheomra Óstán Gleneagle bhí Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Bhí an lucht féachana ar a mbos ag an mbeirt acu, idir Catherine ag roinnt a hainm Snapchat dóibh siúd ag lorg rince léi ag Club na Féile agus Caoimhe a bhí lán-ábalta na pointí eolais ar theastaigh uaithi glacadh leo (nó GAN glacadh leo) a roghnú! D'éirigh leo an dara háit a bhaint amach, éacht don choláiste, leis an gcorn ag dul siar go hOllscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ceann de bhuaicphointí na bliana gan amhras ná Gradaim Ghlór na nGael. Mar a mhínigh Alswyn Ní Aonghusa-Ní Dhúill (Comhordaitheoir Tríú Leibhéal i gConradh na Gaeilge ag an am) dom, is é seo na "Oscars" do mhic léinn. Agus ní raibh bréag ar bith sa ráiteas sin. Is próiseas é atá fada. Le cur isteach air, tá foirm le líonadh amach le cúpla míle focal ann. Labhraíonn tú faoi imeachtaí agus gnó uile an chumainn le bliain anuas; na daoine atá ar an gcoiste, na himeachtaí rialta agus na mór-imeachtaí eile a tharla.

Is ceist mhór í an dul chun cinn ón mbliain roimhe sin. Bíonn 40% de na marcanna ag gabháil dó sin. Ansin i ndiaidh duit an fhoirm a líonadh, bíonn agallamh agat le beirt ó Ghlór na nGael agus téann sibh tríd an bhfoirm. Bíonn leabhar gearrthóg le hullmhú agat bunaithe ar an bhfoirm agus bronnann tú ar na moltóirí é san agallamh. Ar deireadh thiar thall, tháinig an bronnadh i Mí Feabhra. Bhí áthas an domhain orainn gur tháingamar sa dara háit go náisiúnta le duais €2000.

I measc na n-imeachtaí eile a tharla i rith na bliana bhí Pop-Up Gaeltachtaí, Oíche Scannáin, Cóisir Nollag, Gaeilge 24, Céilithe le mic léinn idirnáisiúnta, Bál na Gaeilge agus Painéal na nGael le Niamh Ní Chróinín, Ciara Ní É & Aoife Ní Dhéisigh!

2018-2019



Sioscadh ar na



RÉALTÁN NÍ LEANNÁIN
SCRÍBHNEOIR CÓNAITHE GAEILGE DCU 2019

Shlog Ailbhe siar an deoir dheireanach den ghloine—an dara gloine d’fhíon breá dúdhearg a bhí aici i gcuideachta a lóin. Fíon dorchá Ribera del Duero, in onóir ghrúpa an tráthnóna sin a bheadh istigh chucu ar ball san obair, grúpa ó Ollscoil León na Spáinne. Chuartaigh sí píosa guma ina mála agus chaith sí isteach ina béal é.

Bhí an Stiúrthóir ag fanacht roimpi nuair a d’oscail Ailbhe an doras dearg Seoirseach. Shiúil Ailbhe go cúramach thar na tíleanna chuig an oifig thosaigh, ag tachtadh na hosna a d’éirigh ina sceadamán.

‘Tá tú mall.’

Níor dhúirt Ailbhe tada.

Thairg an Stiúrthóir bosca ionsuirthi.

‘Seo dhuit,’ ar sí, ‘tabhair aire mhaith dao fa seo, is í seo an teicneolaíocht is

úrnua dá bhfuil amuigh, agus beimid ag baint úsáide astu seo tráthnóna.’

‘Caidé seo?’

D’oscail Ailbhe an bosca. Bhí sé lán cluasán, iad uilig go léir ina luí i líne néata istigh ann mar a bheadh uibheacha beaga bána iontu.

‘Ní fheicim sreangán ar bith ann,’ ar sí, ag tógáil ceann de na huibheachíní amach agus á scrúdú.

‘Ní gá sreangán. Aistritheoirí uathoibríocha atá iontu. Tá siad ar iasacht againn ó Ollscoil na Cathrach, chun triail a bhaint astu.’

‘Aistritheoirí uath-...?’

‘Cuireann na cuairteoirí na cluasáin bheaga seo isteach ina gcluais. Má fheiceann tú an solas glas, tá sé lasta agus an cadhnra ag feidhmiú. Tógann tusa nó mise an maidhc...’ Thóg an Stiúrthóir

sreangán mín tanaí amach as an bhosca, ‘...agus ceanglaíonn tú taobh le do bhéal é. Deir na taighdeoirí liom go bhfuil siad thar a bheith cumhachtach—píocann siad suas gach rud a deir tú féin agus gach rud a deir aon duine atá gar duit.’

Cheangail Ailbhe an ghiuirléid thart ar a cloigeann. Luigh an maidhc ar a leiceann, taobh lena béal. Bhí sé fíoréadrom.

‘Aistreoidh sé achan fhocal a deir tú go Spáinnis,’ arsa an Stiúrthóir, agus chrom sí síos le cnaipe beag ar thaobh an mhaidhc a bhrú. Las solas beag glas ar an mhaidhc féin. ‘Sin ansin thú.’

Sheas an Stiúrthóir siar le hAilbhe a scrúdú.

‘Ar ndóigh,’ ar sí, ‘ní bheidh maidhc ar bith de dhíth ormsa mar go bhfuil Spáinnis líofa agam féin.’

Shiúil sí suas an staighre chuig an tseomra in airde an staighre, áit a raibh an grúpa ón Spáinn ag fanacht orthu.

‘Bhal? Nach bhfuil tú ag teacht?’

Bhrostaigh Ailbhe ina diaidh.

Mná agus fir mheánaosta, gléasta go foirmeálta. Ach ina dhiaidh sin, bhí an teach seo iontach foirmeálta. Bhí a fhios ag Ailbhe go raibh an t-ádh léi go bhfuair sí intéirneacht samhraidh ansin trína hathair san ollscoil, go gcuirfeadh sé go mór lena CV. Ach bhí laethe ann gur bhraith sí gur mó suilt a bhainfeadh sí as a bheith ag obair in Supervalu sa bhaile—agus cúpla pingin a ghnóthú chomh maith.

‘*Estimados señores—y señoras—bienvenidos a la Sociedad Real de Antiquarios de Irlanda...*’

Lean an Stiúrthóir léi ar feadh tamaill. Sheas Ailbhe taobh thiar di, ag fanacht ar a seal. Níor thuig sí focal.

Sa deireadh, chríochnaigh an Stiúrthóir cibé rud a bhí sí a rá leis na Spáinnigh seo.

‘*Y ahora, mí ayudante, Ailbhe...*’

Sheas Ailbhe agus labhair sí go mall neirbhíseach.

‘Má leanann sibh mé síos an staighre beimid in ann spléachadh a thabhairt ar an chnuasach atá amuigh ar na seilfeanna againn...’

Bhal, ar a laghad bhí siad ag sméideadh a gcloigne léi, na soilse beaga glasa ag glinneadh is ag glioscarnach le gach gluaiseacht dá gcloigne.

Thug sí thart ar an leabharlann iad go scioptha, ag caint go mall isteach sa mhaidhc a bhí cuachta isteach ar a leiceann. Ba chosúil go raibh an *yoke* ag obair i gceart. Bhí na Spáinnigh ag cromadh is ag croitheadh a gcloigne le hómós do na *Memorials of the Dead, South East Wexford*, agus *West Wexford*, agus *South Dublin*, leis. Bhí gach cuma orthu go raibh siad ag cur suime sa *Calendar of Papal Registers 1513–1521* fosta.

Tháinig an Stiúrthóir isteach sa seomra—gan aon mhaidhc—agus ar aghaidh léi ina rabharta Spáinnise.

‘*Y ahora, si quieren venir conmigo al archivo...*’

D’imigh sí féin agus an scata ollúna amach chuig an aircív. Ní raibh cead ag Ailbhe dul isteach ansin—a thuilleadh.

Ní raibh cead ag Ailbhe aon rud suimiúil a dhéanamh le tamall anuas,

Bhí Ailbhe tinn, tuirseach den tseanbhean chéanna. Ní fhaca duine ar bith eile san oifig í, agus bhí sé de nós aici í féin a nochtadh i gcónaí ag na hamanna is mí-oiriúnaí, í féin is a taephota mór.

ar nós baint leis an aircív i gcúl an tí. Choinnigh siad súil uirthi agus í ag ullmhú tae, in ainm Dé. Ach níor bhris Ailbhe an seanlóchrann sa tseomra beag faoin staighre d’aonturas.

Ní ligfeadh an Stiúrthóir di dearmad a dhéanamh faoi sin. Ó, *no*. Ní raibh le rá aici siúd ó shin ach, ‘nár bhris Ailbhe ceann de na seanlóchrainn ghloine ón naoú haois déag, an tseachtain seo a chuaigh thart, a choinnigh siad faoi ghlas agus i dtaisce faoin staighre? Nár thuig sí an dochar a bhí déanta aici, an scríos a rinne sí, déantán stairiúil, nach mbeadh a leithéid arís ann, nár thuig sí nach mbeadh sí in ann rudaí a chur ina cheart?’

Ba chuma sa tsíoc le hAilbhe faoin am seo tráthnóna Dé hAoine. Ach bhí an Stiúrthóir ag freagairt ceisteanna ina cuid Spáinnise líofa thiar san aircív anois féin. Bhí Ailbhe saor anois go ceann píosa. Seans go bhféadfadh sí *fag* a lasadh go fóill sa ghairdín cuil. Chuaigh sí amach chuig an halla ach mhothaigh sí siorradh fionnuar ar a muineál. Ise arís.

Bhí an tseanbhean bheag ina seasamh ag doras na haircive, ag barr staighre a thug síos chuig an chistin thú. Ar ais arís, a dhá láimh nédaithe thart ar thaephota mór millteach. Mar a ba nós léi. Ag amharc anonn ar Ailbhe, cuma chantalach uirthi. Mar a ba nós léi le seachtain anuas.

Íosa-Críost-in-a-cart. Fiú na taibhsí san áit seo, bhí siad míshásta léi.

Bhí Ailbhe tinn, tuirseach den tseanbhean chéanna. Ní fhaca duine ar bith eile san oifig í, agus bhí sé de nós aici í féin a nochtadh i gcónaí ag

na hamanna is mí-oiriúnaí, í féin is a taephota mór.

‘Imigh leat!’ a bhéic Ailbhe leis an scáil.

Cloigeann níor chrom ná níor chroith an tseanbhean, focal níor dhúirt. D’fhan sí ansin, ina seasamh.

Tháinig an Stiúrthóir amach as an aircív. Dhearc sí thar a spéaclaí anonn ar Ailbhe, a cloigeann ag brú amach trí mhuineál na seanmhná, díreach faoi smig na scáile.

‘Ar chuala mé raic amuigh anseo?’ ar sí.

Níor chuir an tseanbhean aon suntas i gcloigeann an Stiúrthóra, cloigeann a bhí ag gobadh trína brollach.

‘S-sea. Bhí... bhí duine gan dídean ag an doras, ag iarraidh í féin a shocrú... ar chairtchláir, ar na céimeanna amuigh.’

‘Agus chuir tú an ruaig uirthi. Maith thú, a Ailbhe.’

Thiontaigh an tseanbhean chun amharc ar an Stiúrthóir agus í ag pilleadh isteach chuig muintir León. Ansin, bhí sí féin imithe, gan a dhath le feiceáil ag barr an staighre ach solas an lae ghil agus cúpla frídín deannaigh ag glioscarnach san aer. Agus siorradh fionnuar fá chloigeann Ailbhe. Mar is gnáth.

Bhain Ailbhe searradh as a guaillí agus chroith sí í féin ó bhun go barr, mar a dhéanann madadh. Bhí fuath aici ar na háiméir seo go bhfaca sí an tseanbhean. Shiúil sí isteach sa leabharlann. Bhí sé níos teo ansin.

Thug sí a mála amach as tarraiceán sa deasc. Ransaigh sí istigh ann go dtí gur lig sí ‘a-há!’ aisti féin. Thóg sí

amach mála beag plaisteach i láimh amháin agus a cárta bainc sa láimh eile. D’amharc sí thart uirthi. Bhí bosca de na sleamhnáin ghloine ón naoú haois déag—den lóchrann briste—ar an tábla mór i lár an tseomra. Sciob sí ceann amháin ón bhosca.

Bhí an chearnóg bheag ghloine daite go néata níos mó ná céad bliain ó shin. *Páirc an Fhionnuisce agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath sa Chúlra.*

D’oscail Ailbhe an mála plaisteach agus dhoirt sí roinnt bheag púdair bháin amach go cúramach ar an tsleamhnán. Chóirigh sí an púdar bán an bealach seo is an bealach siúd leis an chárta bainc, go dtí go raibh dhá líne thanaí réidh aici ar an tsleamhnán. Chlaon sí a ceann síos chuig an tsleamhnán, an bealach seo agus ansin an bealach siúd, agus shúigh sí an púdar isteach ina dhá phollaire de chúpla seitreach ghasa.

Díreach ansin, chling a fón. D’amharc sí ar an scáileán.

Dara.

‘A stór!’

Shuigh Ailbhe síos ar sheanchathaoir. Rinne siad rudaí go maith na laethe sin, a shíl Ailbhe, agus a tóinín ag clúdach an chomhartha *Chair used in Parliament of Kilkenny 1641*.

‘...léifidh tú píosa amach dom?’ a chuala sí ó Dhara ar an taobh eile den líne.

Bhí tuin plásaíochta sa ghlór sin. B’shin an spion a bhí ar Dhara, mar sin. Thug sí spleáchadh ar na seilfeanna.

‘...cé acu arbh fhearr leat inniu, *Annála na gCeithre Máistrí* nó *Annála Uladh*?’

D’fhan sí ar an fhreagra, agus thóg sí *Annála na gCeithre Máistrí Imleabhar a hAon* anuas ón tseilf. Leag sí ar philiúr é sa dóigh is nach mbrisfeadh sí droim an chlúdaigh agus lig sí don leabhar oscailt amach dá dheoin féin.

Bhí Dara ar an taobh eile den líne fóin, ag fanacht. Anáil ag dul i dtréine.

‘...Aois domhain an tan tainig Parthalon i nÉirinn...’

Chuala sí an osna ar an taobh eile den líne. Lean sí léi.

‘—*Slainge, Laighlinne agus Rudhraidhe... Dealccnat, Nerbha, Ciocbha agus Cerbnad a ccetheora mna...*’

Bhí an osnaíl ar an taobh eile den líne níos láidre. Lean Ailbhe go sollúnta. Thaitin sollúntacht le Dara.

‘—*Aois domhain, dá míle cuicc céad triocha.*’

D’éist sí a fhad is a bhí sí ag léamh. Chuala sí an osnaíl is an geonaíl dheiridh. Sa deireadh, chuala sí an comhartha ar an taobh eile den líne le stopadh.

‘Ó. A. Dhia!’

Stop sí.

‘Réidh, a stór?’ ar sí, go mioscaiseach.

D’aontaigh Dara go raibh Dara réidh, agus thar a bheith réidh.

‘Mise anois,’ arsa Ailbhe.

Shuigh sí siar i gcathaoir Chill Chainnigh. Chuala sí an guth íseal séimh ar an taobh eile den fhón, neadaithe isteach ina cluais, na focail ag sileadh thar a corp mar a bheadh sí ina luí i dtanalacht farraige i bhfad ar shiúl ón chearnóg cathrach seo agus i bhfad ar shiúl ón jab suarach seo, an samhradh tirim seo.

‘Óóóó, sin é, a thaisce, sin é, coinnigh leat.’

D’éist sí agus dhruid sí a súile. Rinne sí mar a d’ordaigh an crónán réidh, roscach di. Chaith sí lámh amháin amach agus bhuail sí *The Great Book of Irish Genealogies*—imleabhar a trí, a ceathair agus a cúig—go talamh. Bhí Dara ag treorú an láimh eile aici go fóill. Dhaingnigh a greim thar an *Correspondence of Emily, Duchess of Leinster*, *Imleabhar 3* agus chuimil sí a raibh le cuimilt aici.

Lig sí cnead le *Proceedings, Royal Irish Academy*, *Imleabhair 67–70*.

Lean Dara dá liodán treoracha.

Lámh, anseo. Leabhar, ansiúd.

Bhí an *fag* sin de dhíth go géar ar Ailbhe anois.

D’fhág sí slán agus beannacht agus buíochas le Dara de smeacharnach shásta.

Amach léi lena mála le *fag* a lasadh sa gháirdín. Ach sula bhfuair sí amach an doras cúil, d’oscail doras na haircive.

‘*Bueno, ya estamos para hoy...*’

Taobh thiar den Stiúrthóir, stán ollúna León uirthi. Roinnt acu, bhí aoibh orthu. Roinnt eile, alltacht. I ngach cluas acu bhí solas beag glas ag scairteadh go discréideach. Rómhall, chuimhnigh sí. Chuaigh a lámh suas chuig a leiceann, áit ar neadaigh an maidhc taobh lena béal, an solas glas lasta go fóill.

Cumadh an scéal seo ar choimisiún do IMRAM, don Fhéile Idirnáisiúnta Litríochta, Baile Átha Cliath 2019 i gcomhar le Cumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann.

DÁN LE DEIRBHILE NÍ CHATHAIL (BOId4)


Paca de cheithre mhac tíre a bhí ionainn tráth
Mé féin, mo leannán, mo ghrá
Dhá choileán áille a bhí againn
Agus muid inár gcónaí i suaimhneas na coille.

Lasracha móra dearga a dhúisigh muid ónár gcodladh sámh
Fuaimeanna garbha ag tochailt agus is ag gearradh
Is ansin a chonaic mé lámh a rug uirthi
is mo dhá choileán, is ghearr tú a gcorp le do scian.

Is saol céasta, ciaptha, cráite é
'S mé gan dóchas anois—
gan dídean, gan chlann, gan bhia ar bith
Ní thuigtear an dochar agus ní léirítear trua ar bith
Is ansin a chas mé ort, a Chochaillín Beag
is tú ag titim chun feola
Ó, tá fonn ite orm.

COISCÉIM

BUAITEOIR, 2Ú DUAIS
FILÍOCHT
Urraithe ag Coiscéim



DÁN LE
EIMHEAR NIC COMHAIL
(BOId4)


Gealach lán, i ndorchadas na hoíche
Mac Tíre uaigneach
Ag fógairt a ocrais trína uaill
Mí na bhFaoilleach, é stiúgtha leis an ocra

Cochaillín Dearg, cailín beag soineanta
Leicne dearga feolacha, bolg ataithe lán
Ag dul ar cuairt chuig Mamó thinn
Le bascaed mór lán le sólaistí aoibhne

Maidhceo Mac Tíre, nach bhfuil rómhaith ag seilg
Ach ina chleasaí cliste le bolg iontach folamh
Feiceann sé Cochaillín Dearg ag siúl tríd an choill
Áhá—tá smaoineamh maith aige!



COCHAILLÍN DEARG LEAGAN EILE



SCÉAL DO PHÁISTÍ LE
AILBHE KELLY (BOid4)

Bhí mac tíre uair a bhí iontach deas ar fad. Tá sé sin saghas aisteach, nach bhfuil? Alfie an t-ainm a bhí air. Bhíodh na mic tíre eile sa phaca i gcónaí ag magadh faoi mar ní raibh sé scanrúil ar chor ar bith! Bhí sé ina staicín áiféise! Mhorthaigh Alfie uafásach an t-am ar fad.

Lá amháin, bhí Alfie sa choill nuair a chonaic sé cailín óg ar an gcosán ag caitheamh clóca dearg agus ciseán ina lámh aici.

‘Dia duit!’ arsa Alfie. ‘Cá bhfuil tú ag dul ar lá breá mar seo?’

‘Tá mé ar an mbealach chuig teach mo Mhamó, a chara! Tá sí ina cónaí sa choill agus tá sí iontach tinn,’ arsa an cailín óg.

Smaoinigh Alfie air sin. A Mamó bhocht! Ina haonar sa teach agus í ag fulaingt. Go tobann, bhuail smaoineamh iontach é.

‘A Chochaillín, tá eolas agam faoi gach rud sa choill seo. Ná fan ar an gcosán, téigh tríd an gcoill agus beidh tú ag teach do Mhamó i bhfad níos gaiste!’ Bhí áthas ar Alfie. Ba dheas an rud é a bheith cabhrach!

‘Ó, go raibh maith agat— déanfaidh mé sin!’ arsa Cochaillín agus as go brách léi. Smaoinigh Alfie ar feadh tamaill eile. B’fhéidir go mbeadh sé deas cuairt a thabhairt ar Mhamó le bláthanna.

Ach nuair a shroich sé an teach, ní raibh Cochaillín Dearg le feiceáil in aon áit. (Bhí sí i ndiaidh sos a thógáil le ciste a bhí sa chiseán a ithel!)

Bhuail Alfie cnag ar an doras. ‘Tar isteach!’ a ghlaigh Mamó. Bhí Mamó sa leaba agus í ag casacht.

‘Haigh, a Mhamó! Is mise Alfie. Chuala mé go raibh tú tinn! An bhfuil tú ceart go leor? Ar mhaith leat cupán tae?’ a d’fhiafraigh Alfie le miongháire ar a bhéal.

Ansin rinne Mamó rud aisteach. Thosaigh sí ag gáire. ‘Háháhá! Féach air seo. Mac tíre deas i mo theach le bláthanna! Is díol trua tusa. Háháhá... is amadán ceart thú!’

Bhí náire ar Alfie. ‘Tá brón orm! Bhí mé ag iarraidh cabhrú leat,’ ar sé i nglór beag.

‘Ó, tá sé seo róghreannmhar! Níl tú scanrúil ar chor ar bith!’ Bhí Mamó ag gáire fós.

Bhí fearg ar Alfie anois. Bhíodh daoine ag magadh faoi gach lá. Ní raibh sé cothrom!

Ansin tharla rud uafásach. Phléasc Alfie... agus d’ith sé Mamó! Ba mhac tíre gránna é anois agus bhí ocras air!

Tháinig smaoineamh eile chuige.



Grianghraf: Aoife Ní Chearbhaill

Cad faoin gcaillín? Stad Alfie ar feadh tamaill... sin é! Ghléas Alfie in éadaí Mhamó agus léim sé isteach sa leaba. Ní raibh le déanamh aige anois ach fanacht ar Chochaillín Dearg. Thosaigh sé ag gáire. Fan go n-inseodh sé an scéal seo do na mic tíre eile! Ní bheadh sé ina staicín áiféise níos mó!



COMHBHUAITEOIR
SCÉAL NÓ DÁN DO PHÁISTÍ
Urraithe ag **Futa Fata**

STANADH DIGITEACH

64



ALT LE
CLÍONA HUGHES (MAETCR)

Ag tús an tsamhraidh seo caite, bhuaill splanc tuisceana mé go tobann. Nuair a d’amharc mé ar Instagram, Snapchat, Facebook agus Twitter, tháinig drochghiúmar orm agus ar dtús, níor thuig mé cén fáth.

An samhradh a bhí ann agus ní raibh brú ná strus orm agus bhí mé ag súil le go leor rudaí. Ní raibh tuiscint dá laghad agam maidir leis na mothúcháin a bhí agam ó thaobh m’aipeanna de.

Cuireann daoine na rudaí is fearr ar líne chun na híomhánna is fearr díobh féin a thaispeáint don domhan—smaoinigh ar an méid féiníní a ghlacann tú sula gcuireann tú ceann amháin ar do phróifíl: déanann gach duine é seo agus is dócha nach bhfuil na híomhánna áille a fheiceann tú ar Instagram díreach mar a dhealraíonn siad.

Mhottaigh mé nach raibh mo dhóthain ar siúl agam ag tús an tsamhraidh agus mé ag scrollú ar Instagram agus ar na haipeanna eile: cén fáth nach ndearna mé féin Ji? Cén fáth nár smaoinigh mé ar obair dheonach a dhéanamh? Cén fáth nár thug siadsan cuireadh dom dul ansin? Rith na ceisteanna sin trí mo chloigeann agus is ansin a thuig mé go raibh na haipeanna seo ag dul i bhfeidhm ar mo chuid smaointe.

Táim cinnte go dtarlaíonn sé seo duitse uaireanta chomh maith, fiú má

cheapann tú nach dtarlaíonn. Cé go bhfuil an chumarsáid chomh lárnach sa saol sa lá atá inniu ann, b’fhéidir go bhfuil an tuiscint atá againn ar an bhfocal ‘cumarsáid’ lochtach.

Táimid ag brath go hiomlán ar na haipeanna seo nuair atá leadrán orainn, nó nuair atá muid ag iarraidh eolas a fháil amach faoin rud atá ar siúl ag duine éigin. Cén fáth nach gcuirimid ceisteanna ar dhaoine faoina saol seachas a bheith díreach ag scrollú trína gcuid pictiúr chun eolas a fháil amach fúthu?

Shocraigh mé staonadh digiteach a dhéanamh, díreach le feiceáil an dtiocfadh feabhas ar an meon a bhí agam tar éis sos a ghlacadh ó na meáin shóisialta. Scrios mé Snapchat, Twitter, Instagram agus Facebook (seachas Facebook Messenger) ó m’fhón póca, agus ag an tús, caithfidh mé a rá go raibh sé deacair. Uaireanta, chliceáil mé ar an áit ina raibh aip éigin cheana, gan smaoineamh sular aithin mé go raibh an aip scriosta agam, is ansin a thuig mé go raibh andúil de chineál éigin agam sna haipeanna seo.

Tá sé ráite i staidéar foilsithe ag an tSochaí Ríoga don tSláinte Phoiblí gur andúil faoi leith é an iomarca úsáide a bhaint as aipeanna. Deir siad freisin go bhfuil baint ag na meáin shóisialta leis an dúlagar imní. D’aimsigh siad go

raibh an tionchar is measa ag Instagram maidir leis an dúlagar imní ó thaobh corpiomhá agus ‘FOMO’ (imní faoina bheith ag cailleadh amach ar rudaí) de.

Má tá cuma dheas ar phictiúir dhuine éigin ar Instagram, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil saol foirfe acu nó go bhfuil siad sona sásta an t-am ar fad, agus caithfidh é sin a chuimhneamh níos minice. Cruthaítear íomhánna faoi leith ar Instagram chun ‘likes’ a fháil, agus ní bhíonn na híomhánna sin fíor an chuid is mó den am, go háirithe na híomhánna atá ag daoine cáiliúla. Íocann comhlachtaí na mílte euro le ‘influencers’ as pictiúir tharraingteacha a chruthú chun a gcuid táirgí a chur chun cinn. Mar sin, cinnte, cruthaíonn siad íomhá atá ‘foirfe’—tá siad ag iarraidh airgead a thuilleadh agus táirgí a dhíol, níl an focal ‘réalaíoch’ bainteach leis an gcóras sin.

Ar dtús, d’airigh mé na haipeanna uaim agus mé ar an mbus nó ag fanacht ar rudaí, ach tar éis tamaill, thug mé faoi deara go raibh rudaí eile le déanamh agus thosaigh mé ag baint sult as a bheith ag breathnú amach ar an bhfuinneog nó ag éisteacht le podchraoltaí. Tar éis seachtaine, thug mé faoi deara gur mhothaigh mé níos fuinniúla agus níos beomhaire i ndiaidh dom sos a ghlacadh ón dúpholl sin, agus go raibh níos mó ama agam le caitheamh

ar rudaí níos fearr agus bhí an-áthas orm an t-athrú sin a fheiceáil.

Caithfidh mé a rá, mar sin féin, go bhfuil sé níos éasca caint faoi staonadh digiteach ná é a dhéanamh. Tar éis tamaill, tá sé deacair cloí leis go hiomlán, ach cabhraíonn sé nuair a smaoiníonn tú go ndéanann sé maitheas do do shláinte nuair a ghlacann tú sos. Ar ndóigh, d'íoslódáil mé na haipeanna arís mí go leith níos déanaí, ach caithfidh mé a rá gurbh fhiú an sos toisc nach n-úsáidim mo chuntais ar na meáin shóisialta pioc chomh minic is a d'úsáidinn iad cheana.

Nílím ag rá go gcaithfidh tú do chuntais a scriosadh go deo agus go bhfuil na haipeanna seo go hiomlán dainséarach do do shláinte, ach táim ag rá gurbh fhiú sos beag a ghlacadh uaireanta. Má mhothaíonn tú go bhfuil tú sáinnithe maidir leis na meáin shóisialta, ná déan dearmad gur féidir leat éalú ó na haipeanna ar feadh tamaill gan fadhb ar bith agus go han-éasca chomh maith. Deir na mílte 'influencers' ar líne go bhfuil neamhord imní orthu, ach an bhfuil sé seo bainteach lena láithreach ar líne? Is cinnte nach bhfuil sé éasca nuair atá daoine ag stánadh ort lá i ndiaidh lae agus tá tuairim éigin ag gach duine fút: caithfidh go dtéann sé sin i bhfeidhm ar dhaoine agus go gcothaíonn sé meon diúltach i dtaobh na meán sóisialta chomh maith.

Caithfimid go léir iarracht a dhéanamh taitneamh níos fearr a bhaint as an saol réalaíoch. D'aimsigh staidéar amháin le Brian Primack go gcuireann an brú chun a bheith cothrom le dáta ar na meáin shóisialta isteach ar dhaoine, agus go gcruthaíonn sé buairt agus dúlagar cionn is go bhfuil ár n-aird roinnte idir tascanna laethúla agus ár gcuid cuntas ar na meáin shóisialta. Mar sin, tá sé fíor-riachtanach aire a thabhairt dúinn féin agus a bheith ar an eolas maidir leis na dainséir atá timpeall orainn, fiú ar ár bhfón póca féin.

Tuairisc.ie

BUAITEOIR, 1ú DUAIS
IRISEOIREACHT
*Urraithe ag **Tuairisc.ie***



Binn Chit Úna

SCÉAL LE

CAOIMHE NIC PHÁIDÍN

NÍ DHOMHNAILL (BOId 2019)

Thaitin sé go mór le Tarlach a bheith ina chónaí in aice leis an fharraige. Bhí an radharc ab áille ag a theach féin thar aon teach eile i Mín na gCorr, baile beag iargúlta ar chósta na hÉireann. Bhí aithne ag gach duine ar a chéile. Seans maith muna raibh tú ar an aifreann Dé Domhnaigh go mbeadh madaí an bhaile ag caint ort. Glac uaim é gurbh é an fear tí céanna ar leis an siopa an garáiste, an teach tábhairne agus siopa an bhúistéara. Ach áit a bhí ann a raibh Tarlach Ó Dónaill breá sásta ann an chuid is mó den am. Ar laethanta grianmhara thiocfadh leis dul ag snámh lena mháthair agus shantaigh sé i gcónaí a bheith ina sheoltóir mar bhí a chroí istigh san fharraige.

Ach bhí rud beag amháin nár thaitin leis faoi bheith ina chónaí ar cheann tíre Mhín na gCorr: bhí a theach cúpla slat ar shiúl ó Bhinn Chit Úna. Ní hé go raibh eagla air roimh airde ar chor ar bith. Bhí eagla air roimh Chit Úna. I ndáiríre, ní raibh máthair ná mac nach raibh eagla orthu roimpi i Mín na gCorr.

Achan tráthnóna, le clapholas, théadh Cit Úna chuig an bhinn agus shiúladh sí uirthi, ag stánadh amach ar an fharraige. 'Tá cail bhéag uirthi, ná bac léi,' a deireadh máthair Tharlaigh.

'Is cinnte gur cailleach í,' a deireadh na páistí eile ina rang. Chreid na seandaoine féin ar an bhaile gur bhean sí a bhí inti, a chuir a fear céile, Páid, faoi dhraíocht ionas go bpósfadh sé í.

Duine mór le rá a bhí ina fear céile, Páid, i Mín na gCorr. Fear a bhí an a chuirfeadh Fionn Mac Cumhaill i gcuimhne duit. Shíl na fir gurb é an t-iascaire ab fhearr a tháinig amach as an bhaile.

Shíl na mná gurb é an fear ba dhathúla dá bhfaca said riamh. Ach cé gur mhín clár a éadain, is cinnte gurb é an máistir ba mheasa in Éirinn. Is minic a bhualadh spadhar gruama é agus is minic a chluintí gur caitheadh amach as Tábhairne Sheáin Óig é oíche Shathairn. Tugtha don deoch agus don drabhlás. Ní raibh rás capall ar siúl nach raibh geall curtha ar chapall aige. Ní hé sin le rá gur fear saibhir a bhí ann. Ní minic gur fhan a phócaí trom. Ach bhí muintir an bhaile den bharúil gur Cit Úna ba chúis leis seo.

‘Dhiól an chailleach sin a hanam leis an diabhal lena hóigeacht féin a choinneáil,’ a deireadh máthair mhór Tharlaigh. ‘Ní féidir léi an teach a fhágáil roimh chlapsholas ionas nach ndófar a craiceann go dtí’n chnámh.’

Is fíor nár fhág sí an teach ach amháin le suí ar an bhinn, agus de réir lucht na cúlchainte, b’annamh a tharla sin. ‘Sé an scéal a bhí ag muintir na háite ná gur tháinig Páid ’na bhaile léi lá amháin ina dhiaidh dó lá iascaireachta a dhéanamh. D’éirigh Tarlach fiosrach fúithi. Tráthnóna amháin agus é amuigh ag súgradh lena eitleog, tháinig séideán láidir gaoithe agus shéid a eitleog leis. Ar luas lasrach, rith Tarlach ina diaidh. Ní raibh a fhios aige cén treo a bhí sí ag rith. Bhí a ceann dírithe thuas sa spéir, cibé dóigh a raibh an ghaoth ag séideadh. Go tobann bheir rud inteacht greim daingean ar an eitleog bheag. D’amharc Tarlach aníos. Bhí Cit Úna ag coinneáil greim uirthi agus í ina seasamh ar a binn mhantach. Bhí a cuid gruaige imithe i bhfiáin, ribí rua catacha ag seasamh amach ar a cloigeann ach ní raibh a haghaidh chomh gránna is a bhí Tarlach ag súil leis. An fhírinne lom, ní raibh a haghaidh gránna ar chor ar bith. Ba dheacair a chreidbheáil ach bean ghleoi, tharraingteach a bhí inti.

‘Déarfainn gur leatsa í seo,’ a dúirt Cit lena glór deas bog agus a súile glasa lonracha ag preabarnach. Chlaon Tarlach a cheann, bheir sé greim ar a eitleog agus d’imigh sé ina rith díreach ’na bhaile mar a bheadh gadaí san oíche ann.

Phlab sé doras an tí ina dhiaidh. ‘Cén deifir atá ortsa?’ a d’fhiafraigh máthair Tharlaigh de. Rinne Tarlach iarracht a anáil a fháil ar ais agus a chroí go fóill ag

preabadh go trom. ‘Sh-sh-shéid m’eitleog ar shiú... bheir Cit Úna uirthi.’

Baineadh geit as a mháthair. ‘Fan ar shiúl uaithi,’ a d’ordaigh sí, ‘nó cuirfidh sí tusa faoi dhraíocht fosta!’

An tráthnóna dár gcionn, bhí spéir gheal ghlé ann, agus bhí an taoide ag líonadh. Bheadh lán mara an oíche sin. Bhí Tarlach ag críochnú a chuid obair bhaile nuair a chonaic sé radharc aisteach as fuinneog a sheomra. Den chéad uair riamh bhí Páid thíos ag an bhinn le Cit, ach ní raibh siad ag déanamh suntais de na radharcanna áille. Bhí Páid ag tarraingt lámh Chit go garbh i dtreo a dtí. Bhí an chuma air nach raibh sé ag iarraidh uirthi dul síos go dtí an bhinn ar chor ar bith. Is cinnte nach raibh an rabharta chomh dainséarach sin; ní raibh sé ach tosaithe ar líonadh.

‘Tá rud éigin aisteach ar siúl anseo,’ arsa Tarlach leis féin. Shocraigh sé a shúil a choinneáil ar an bheirt acu.

Chuaigh an tráthnóna thart agus go fóill ní raibh freagra na ceiste ag Tarlach. Ba dheacair dó codladh a fháil an oíche sin. Ní raibh ciall le rud ar bith. Pé scéal é, d’éirigh Tarlach an lá dár gcionn agus ceist Chit Úna fós ag dó na geirbe aige. Cén fáth nach raibh Páid ag iarraidh go rachadh sí isteach san fharraige? Ar ghortaigh sé í agus é á tarraingt?

Bhí sé ina lag trá. Níor fhag súile Tharlaigh an fharraige ar chor ar bith. I bhfaiteadh na súl, nochta Cit Úna. Í ina suí mar a bheadh banríon inti ar chloch mhór i lár na farraige. Ní raibh aon rud iontach ag tarlú go dtí gur líon an taoide ní ba ghaiste ná mar ba ghnách. Thug Tarlach faoi deara go raibh Cit Úna go fóill ina suí ar bharr na cloiche. Rith sé síos go béal na farraige agus ní thioctadh leis an radharc a bhí roimhe a chreidbheáil. Cit Úna ina suí ar aon chloch amháin i measc na dtonnta. Ní cosa a bhí uirthi a thuilleadh ach eireaball mar a bheadh ag maighdeán mhara agus é caite san uisce aici. Ní raibh Páid le feiceáil. Ní raibh a fhios ag Tarlach cé acu ina luí nó ag brionglóidí a bhí sé. Chomh luath is a bhuaile an clog a seacht a chlog, las an spéir le splanc thintrí agus chuala sé guth ag béicíl, “Tá mé saor!” Go tobann, léim sí leis na tonnta agus ní fhacthas Cit Úna ón lá sin amach.



BUAITEOIR

FICSEAN DO LÉITHEOIRÍ

FÁSTA/DÉAGLITRÍOCHT

Urraithe ag Cló Iar-Chonnacht

An Cath Síoraí

Chonaic mé buachaill, bhí cuma chaillte air,
Ní raibh cliú ag an bhfear óg agus é ag breathnú ar an spéir.
Chuir mé deireadh lena sheans, ach chráigh sé mo chroí,
Go mbeadh air dul abhaile agus míniú dá thuistí.

Fiú le taithí na mblianta, ní éiríonn sé níos fusa,
Tá gortú i mo cheann, mo chorp is mo chosa.
Ach fós táim réidh, le mo chlaíomh i mo lámh,
Le dul i mbun troda, gan trua, gan dáimh.

Is cuma leo siúd atá i mo choinne,
Braithim gurb é sin gach duine!
Mhínigh mé dóibh nach mar sin atá,
Is trua an scéal é más gá é a rá.

Ní ormsa an locht, a dúirt mé liom féin,
Ní dhearna sé iarracht ach ní scéal duine amháin é
Easpa iarrachta gan dabht, iad ag forbairt mínóis
Níl ann ach an tús, tá níos mó le dul fós!

Bhí iarrachtaí cróga déanta ag idir mhná agus fhir,
Bhíos ag faire go géar, le súile iolair.
Tháinig feabhas cinnte ar mo dhaltaí,
ní fhéadfainn é sin a shéanadh.

Ag deireadh an lae fhada,
stopaim den chuardach,
Tá an cogadh ar athló, leanfar leis amárach.
Suím síos agus glanaim na deora seo,
deora an mhúinteora.



DÁN LE
DARA DE POIRE (BAJH3)



Fill Arís



ALT LE
HELEN HICKSON
(MSGC 2019)

Tar éis dom coicís a chaitheamh sa Ghailíl ag déanamh obair dheonach bhí m'aigne déanta suas agam go rabhas chun dul ar ais. Ní ar an nGailíl a bheadh mo thriall an darna babhta ach ar an mBruach Thiar. Bhíos ró-ínníoch ar mo chéad chuairt chuig Iosrael dul i dtreo na Palaistíne. Trí uair go leith in aerfort Mhaidrid agus gardaí slándála aerlíne El Al do mo cheistiú, m'fhón póca coimeádta acu ar feadh ceithre huaire is fiche, mé féin agus cúigear eile coimeádta chuig an nóiméad deireanach sular ligeadar dúinn dul ar bord. Agus cé go rabhas míshocair ar feadh mo thréimhse san Iosrael de bharr m'aistir chuige bhí a fhios agam agus mé ag fágáil go rabhas chun filleadh.

Bhíos tar éis léamh faoi fheirm i seilbh chlann Phalaistíneach, clann Nassar, ar an mBruach Thiar. Ar thrí thaobh díobh bhí Iosraelaigh tar éis cur fúthu. Is feirm de chéad acra atá ann agus fásann siad torthaí ann agus tá roinnt ainmhithe acu chomh maith: gabhair, caoirigh agus dhá chapall. Bhíodh oibrithe deonacha ann ag amanna áirithe i rith na bliana chun cabhrú leo na barraí a bhaint. Bhí bheirt Ghearmánach agus cailín amháin ó Albain tar éis bliain iomlán a chaitheamh ann ag obair go deonach an bhliain go rabhas féin ann.

Gach lúil, chuir an chlann seo campa samhraidh ar bun do dhaoine óga. B'as Beithil d'fhormhór na ndéagóirí a d'fhreastail ar an gcampa agus bhí cuid acu faoi bhun deich mbliana d'aois. Maidir linne, na hoibrithe deonacha, b'as an nGearmáin, an Ostair, an Eilbhéis, an Fhrainc, Sasana, Veiniséala agus an Bheilg na baill eile den ghrúpa agus ba mhic léinn ollscoile a bhformhór. Théimis chuig an mbac bóthair ar maidin chun na páistí a bhailiú ón mbus a thug ó Beithil iad. Bhí sé deacair codladh sámh a fháil istoíche agus is annamh nach rabhamar

go léir traochta. Bhíodh na páistí lán d'fhuinneamh i gcónaí, a bhuí, cheapas féin, leis an oiread milseán agus deochanna súilíneacha a bhí acu agus iad ag teacht chugainn.

Bhí 'rang' ar leith ag gach beirt. Bhíos ag obair le Els, múinteoir meánscoile ón mBeilg. Gach tráthnóna dhéanaimis plean don rud a bheadh á dhéanamh againn an lá dár gcionn. Bhíodh ranganna comhrá, tascanna scríofa, drámaíocht agus spórt againn gach lá. Bhíodh na daltaí fuinniúil agus cainteach sna ranganna. Ag deireadh an lae, bhailíodh na grúpaí go léir le chéile agus d'iarradh Daoud, úinéir na feirme agus bainisteoir an champa samhraidh, ar dhaltaí éagsúla ó gach rang aiseolas a thabhairt faoina rang agus faoin rud a bhí ar bun acu an lá sin. Lá amháin sheas cailín ónár ngrúpa suas agus dúirt sí go raibh sí ag foghlaim faoi 'smacht' sa rang. D'fhéach mé féin agus Els ar a chéile le hiontas. Ní hé go rabhamar ag labhairt faoi chúrsaí smachta ach is dócha go raibh iarracht á déanamh againn smacht éigin a chur i bhfeidhm... is léir go raibh imprisean de shaghas éigin déanta againn pé scéal é.



Bhí na daoine óga an-éirimiúil, cumasach agus muiníneach. Ag brath ar cé a bhí ag labhairt leo chasaidís ón mBéarla go Gearmáinis go hAraibis. Chuir na páistí go léir iontas orm freisin le cé chomh tapaidh is a thuigeadar focail nua, an tsamhláíocht agus an cumas ina gceapadóireacht scríofa agus an tallann a bhí acu ó thaobh ceoil agus amhránaíochta de.

Anois is arís thagadh cuairteoirí eile chuig an gcampa. Lá amháin tháinig grúpa bobairí Iodálacha chuig an bhfeirm. Ní raibh acu ach an Iodáilis agus ní raibh a dteanga ag na leanaí, ach fós féin, chuireadar taispeántas ar siúl agus bhain na leanaí sár-thaitneamh as. Lá eile bhí ceoltóirí i láthair agus

bhí na páistí caillte sa cheol agus iad ag damhsa. Bhí ardmheas agam ar na leanaí go léir. Bhí saol dian acu ach fós neart, fuinneamh, misneach, fonn foghlama agus spéis acu i ndaoine eile agus in áiteanna eile. Théadh na páistí abhaile ag a haon agus bhímis go léir caite amach agus ciúin go ceann tamaill. Níos déanaí agus níos minice ná a mhalairt théimis i dtreo na Beithile. Théadh na hoibrithe deonacha fad-téarmacha linn. Bheadh orainn fanacht le chéile mar ghrúpa i gcónaí agus glaoch a chur sula bhfillimis i dtreo is go n-osclófaí an geata a bhíodh faoi ghlas mar chosaint.

Istoíche tar éis dúinn ithe d'fhanaimis tamall ag caint. Thiteadh an dorchadas go tapaidh agus go luath. Ag leathuair tar éis a hocht is beag solas a bhí againn seachas píosa beag a leath amach ó fhuinneog na cistine. Bhíomar thuas ar thalamh ard agus is álainn an radharc a bhí againn ar an gceantar cóngarach dúinn agus i bhfad uainn. Is minic a bhíodh caimileon timpeall agus chaithimis roinnt ama ag iarraidh faire orthu ar a dturas suas an falla ag iarraidh gan iad a chailliúint. Is scil ar leith í! Théimis a luí ag a deich ach bhíodh sé te istigh inár bpuball agus bhíodh sé deacair codladh ceart a fháil. Is minic a smaoiníos ar dhul amach agus iarracht a dhéanamh codladh lasmuigh ach chualamar ó Benny, fear óg a bhí tar éis bliain a chaitheamh ann, go mbíodh scata madraí timpeall istoíche, deichniúr acu agus an ceathrar a bhí ag Daoud agus a chlann ar an bhfeirm.

Chríochnaigh an campa tar éis coicíse. Bhí taispeántas ceoil, dráma agus rince eagraithe againn do na tuismitheoirí ar an lá deireanach. Tháinig roinnt acu chugainn chun a mbuíochas a ghabháil linn. Ina dhiaidh sin scaramar óna chéile, ag fágáil slán leis na páistí, le clann Nassar, lena chéile mar ghrúpa agus leis an mBruach Thiar. Is áit ar leith é agus taithí ar leith é am a chaitheamh leis na daoine ann. Táim buíoch.

Comhar

BUAITEOIR
SCRÍBHNEOIREACHT TAISTIL
Urraithe ag Comhar

Cuimhní Cuí

DÁN LE
CAOIMHE NIC PHÁIDÍN
NÍ DHOMHNAILL (BOId 2019)

I mó dhá lámh a choinnigh mé thú.
Do chuid súile beaga gorma ag stánadh orm.
Do ghaosán beag cosúil le mo cheann féin.
Ní raibh cor asat.

Mo dheartháir óg—Pio Íosaf.
Dhá uair a chloig a chaith tú ar an saol.
B'shin an méid, a Stór.
Dhá uair a chloig a chaith muid le chéile.
Dhá uair nach ndéanfaidh mé dearmad orthu go deo.

Ba i nDeireadh Fómhair a chas muid ar a chéile,
ba ar an lá céanna a raibh mo bhreithlá ocht mbliana déag d'aois agus
cé a shílfeadh go mbeadh an breithlá céarna ag an bheirt againn.

Dhá uair a d'fhan tú leis an triúr againn,
do dheirfiúr, do mháthair agus d'athair
ach dhá uair nár mhair fada go leor.
Ar leath i ndiaidh a dó dhéag, dhruid tú do dhá shúil
agus chuaigh tú a chodladh go deo.

Cé nach bhfeicfidh muid thú riamh arís,
ní dhéanfaidh muid dearmad ort choíche.
Pio s'againne, ár n-aingeal beag.
Cuimhní cuí nach bhfágfaidh mo chroí
go deo na ndeor.
Oíche mhaith a pheata,
Do dheirfiúr Caoimhe.

COISCÉIM

BUAITEOIR, 1ú DUAIS
FILÍOCHT
*Urraithe ag **Coiscéim***

Súil siar ar 2019



CUNTAS LE
RÉALTÁN NÍ LEANNÁIN

Tugaim sciúird rialta ar Ard Mhacha, ar oíche splanléitheoireachta dhátteangai a tharlaíonn ansin gach dhá nó trí mhí ann. I mbliana, seo é an dóigh ar chuir Réamonn Ó Ciaráin (fear a' tí) mé in iúl don lucht éisteachta:

'Agus anois, a chairde, seo í Réaltán Ní Leannáin, Scríbhneoir Cónaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Níl a fhios aici go beacht caidé atá i gceist leis an teideal sin. Má tá duine ar bith amuigh ansin anocht a d'fhéadfadh cabhrú léi leis an sainmhíniú, bhéarfaidh sí éisteacht dó nó di.'

Agus mé tagtha go deireadh mo thréimhse anseo, is mar sin atá go fóill. Níl aon sainmhíniú docht ann. Ach is ansin atá an bua ag an phost seo. Tugann gach scríbhneoir a líonann an post a gcuid taithí saoil leo, agus líonann siad spás ar leith nach ionann é agus an dóigh ar líon an scríbhneoir a d'imigh rompu an spás céanna.

I mo chás féin, bhí blianta fada caite agam ag plé le déagóirí agus iarchéimithe sular thosaigh mé ag scríobh go cruthaitheach. Mar sin, nuair a thug mé faoi cheardlanna scríbhneoireachta le scoileanna dara leibhéal ní rud as an ghnáth a bhí ann. Nuair a bhí bearna le líonadh ar an chlár ama ollscoile bhí mé in ann ag an dúshlán sin. Nuair a thaifead an scríbhneoir/aisteoir den scoth, Myra Zepf, agus aisteoirí óga dráma a scríobh mé do Raidió na Life agus bhí treoir ó na haisteoirí óga, bhí mé in ann cuidiú leo.

Buaicphointí eile don bhliain seo? Na léamha a d'eagraigh mé, cinnte. Ní mhaireann scríbhneoirí amuigh ar an uaigneas, mar a cheapann go leor daoine. Tá an chuid is mó againn beo i ndlúthphobal beag a thuigeann gur ar scáth a chéile a mhaireann muid, mar sin ní mór a bheith tacúil lena chéile!

Tháinig an scríbhneoir Freaslannach Janneke Spoelstra anall le léamh linn

i Leabharlann Uí Chriagáin i rith an tsamhraidh, i gcuideachta Áine Ní Ghlinn ó Bhaile Átha Cliath agus Dáire Ní Chanáin as Doire.

Tháinig Eoghan Mac Giolla Bhríde as Gaoth Dobhair agus Seán Ó Muireagáin as Béal Feirste do léamh sna Seomraí Boird ar Champas na Naomh Uile in éineacht le Caitríona Ní Chléirchín ó Fiontar & Scoil na Gaeilge.

Tháinig móruaisle na scríbhneoireachta chun slán a fhágáil ag na foilsitheoirí, Cois Life, níos moille anonn sa bhliain. Bhí an-chruinniú de scríbhneoirí agus de lucht foilsitheoireachta ann. B'oiriúnach an mhaise é a bheith ar siúl san ollscoil nó ba dhuine d'fhondúirí Cois Life í Caoilfhionn Nic Pháidín, Léachtóir agus Ceann Scoile ar Fiontar, tráth.

Agus pleananna don bhliain seo chugainn? Bhal, tá gearrscéal san eagrán seo de *Scáthán* a scríobh mé d'IMRAM 2019. Tá mé ag obair ar eachtraí eile de chuid Ailbhe—an príomhcharachtar—i láthair na huair. Beidh Ailbhe ar camchuart thart ar ionaid éagsúla i mBaile Átha Cliath, Campas na Naomh Uile ina measc. Nach í Ailbhe atá dalba, dána...


Thíos: Myra Zepf agus roinnt aisteoirí óga i mbun an dráma 'An Cor nach gCastar' a thaifeadadh i stiúideo Raidió na Life níos luaithe sa bhliain.



CHÉILÉAR SCÁITH



Roinnt scríbhneoirí a bhí rannpháirteach in imeachtaí 2019. Ó bharr go bun agus ó chlé go deis: Áine Ní Ghlinn, Eoghan Mac Giolla Bhríde, Seán Ó Muireagáin, Caitríona Ní Chléirchín, Dáire Ní Chanáin, agus Janneke Spoelstra.



DÁN LE
AMY DOYLE (BOId4)

Tá púca istigh sa chófra
Tá púca amuigh faoin spéir
Tá púca faoi mo leaba
A sciob mo bhraillín aréir!

Tá púca istigh sa chistin
A itheann na briosaí.
Tá púca i mo mhála
A thóg mo pheann luaidhe!

Tá púca amuigh sa gharáiste
Tá púca os comhair an tí.
Tá púca ag barr na sráide
A thiteann ina luí!

Tá púca in aice liomsa
Is muidne inár suí,
Táimid amuigh sa ghairdín
Nach breá an oíche í?



DÁN LE
KATHRYN SMYTH (BOId4)


Coiscéimeanna ar an díon,
Glóir ísle a chloistear faoin staighre,
Aghaidheanna a fheictear san fhuinneog,
An bhfuil siad ag féachaint amach nó isteach?

Na coirp dhubha ar an sleamhnán sa ghairdín,
An bhean sí ag caoineadh go goirt agus go gáifeach,
Na spioraid ag teacht anuas ó fhithisí talún,
Scáth i scáthán ag breathnú i gcónaí.

An domhan faoin talamh,
Cad iad na speicis atá thíos ansin?
Púcaí, taibhsí torainn, muanna agus gúil,
An bhfuil siad ag teacht i mo dhiaidh?

Cá bhfuil siad ag dul?
Cad é a theastaíonn uathu?
Cén fáth a bhfuil siad ag fanacht?
Cén fáth nach bhfuil a n-anam thuas nó thíos?

An púca ag eitilt go hard in san spéir,
Ag faoileáil 's ag luascadh
le fonn tríd an aer.
A aghaidh chomh bán le sneachta
ag cur eagla ar chách,
Ach an gcreidfeá é, a chairde,
go bhfuil sé iontach lách?



DÁN LE
AILBHE KELLY (BOId4)

CNAG CNAG

Cé atá ann?

Smaointe scanrúla i mo cheann

CNAG CNAG

Tá mo chroí i mo bhéal

An é go bhfuil mé ag deireadh mo shaoil?

CNAG CNAG

An bhfuil púca ansin?

Tá eagla orm, motháim tinn.

Siúlaim chuig an doras, féachaim amach

Cé atá ann ach an cat!

DÁN LE

ORLAITH MCMAHON (BOId4)

DÁN LE

EAVAN TRAINOR (BOId4)

“Púca! Púca! Is mise an Púca!” arsa an púca sula raibh mé i mo shuí.

“Púca! Púca! Is mise an Púca!” arsa an púca fhad is a bhí mé ag spraoi.

“Púca! Púca! Is mise an Púca!” arsa an púca—nach é an crá croí!

“Púca! Púca! Is mise an Púca!” arsa mo dheirfiúr agus mé á cur a luí.

DÁN LE

LAOISE NÍ LAOIRE (BOId4)

Is í mo chara is fearr

Tá sí cosúil liom ach gan rud ar bith sa lár

Ní féidir í a mhothú

Ach is féidir ár gcaidreamh a chothú.

Tugann sí barróga is grá dom

Ach uaireanta measaim go bhfuil sí lom.

Déanann muid gach rud le chéile

Measaim go bhfuil sé ait nár ith sí riamh béile.

Dialanna Sheáin Uí Ríordáin: Imleabhar I



ALT LE
PÁDRAIG Ó LIATHÁIN
(LÉACHTÓIR, FSG)

An Bailiúchán

Sa bhliain 1984 cheannaigh Leabharlann An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, páipéir Sheáin Uí Ríordáin, a léiríonn a shaothar mar fhile, scríbhneoir agus iriseoir, agus bhí baint láidir ag an Ollamh Breandán Ó Buachalla, nach maireann, lena gceannach. Is i 49 cóipleabhar nó comhad atá na dialanna a choimeád Seán Ó Ríordáin go rialta ó 1940 go dtí 1977 le fáil anois, i mbailiúchán na sainchnuasach i Leabharlann James Joyce.

Bhraitheas féin, agus Cló Iar-Chonnacht, a bhfuil an cóipcheart acu, go raibh sé rithábhachtach an t-ábhar seo a fhoilsiú ina iomláine, le go bhfaigheadh pobal na Gaeilge tuiscint cheart ar an saothar mórtuairbhseach seo. Is de bharr a chuid filíochta a sheasann cáil Uí Ríordáin, gan amhras, ach faightear sna dialanna léas nach beag ar a chumas próis leis.

Is é atá sna dialanna ná ceann de na samplaí is faide den scríbhneoireacht rialta, leanúnach dá bhfuil againn in Éirinn na fichiú haoise, i mBéarla nó i nGaeilge. Scríbhneoireacht fheasach dhírbheathaisnéiseach atá i ndialanna Uí Ríordáin tríd amach. Seachas cuntas scáinte laethúil ar cad atá déanta nó feicthe aige, bíonn machnamh an duine aonair, agus ní mór a cheart a thabhairt dó mar iarracht chuthaigh ar an bhféinscríbhneoireacht, agus ar mhionscagadh a intleachta i dtreo na féintuisciana.

Imleabhar I

Tá Imleabhar I réitithe agam don chló, ina bhfuil an chéad dá dhialann trascríofa agus curtha in eagar agam. Ón 1 Eanáir 1940 go dtí an 25 Bealtaine 1940 a chuimsíonn an dá dhialann seo; tá an chéad dialann níos téagartha, agus fad 351 leathanach lámhscríofa atá inti. Ón gcéad leathanach, feicimid deisbhéalacht Uí Ríordáin agus fear atá ar a shuaimhneas i mbun pinn sa Ghaeilge. Díol suntais a shaoráideacht teanga agus é ag plé tuairimí agus coincheap casta go leor mar ógfhear atá fós sna fichidí. Don té a bhfuil cur amach aige ar shaothar Uí Ríordáin,

níorbh aon iontas dó an méid a phléitear in Imleabhar I. Bíonn an litríocht, an stair, an pholaitíocht chomhaimseartha, cúrsaí sláinte, drámaíocht áitiúil, an Ghaeilge, an Béarla, a ghaolta, Baile



Bhuirne agus a cheantar nua faoi chaibidil. Is rílér an meas atá aige ar chineálacha éagsúla léinn trí chéile. Tá ardmheas aige ar an ealaín, leis, agus cleachtann sé sceitseanna, atá le feiscint in an-chuid de na dialanna. Tá raidhse tagairtí ag Ó Ríordáin do chúrsaí reatha a ré. Tugann sé uaidh go minic cinnlínte an lae as *Sgéala Éireann* (teideal Gaeilge an *Irish Press*) ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ní haon iontas, mar sin, sa bhliain 1940, go bhfuil an-spéis aige in imeachtaí na hEorpa, agus an Dara Cogadh Domhanda ar siúl san am.

Tá greann, grá, crá croí, is dar ndóigh, an eitinn tríd amach aige. Fear óg a bhí ann an tráth sin, agus gan saol fada fé bhraca na breoiteachta fulaingthe go fóill aige. Mar sin féin, tá sleachta ann atá fíorbhrónach, agus a ghoillfeadh ar éinne a léifeadh iad. Tá tagairt aige dá bhreoteacht láithreach, ar an gcéad leathanach féin, go neamhleithscéalach:

1/1/40 (B'fhéidir nár mhiste a rá anso nach duine sláintiúil an scríbhneoir mar go bhfuil an eitinn agam le dhá bhliain anois). Dob' éigean dom cabhair a fháil chun an bheatha do chimeád ionam.

Pléitear staid na Gaeilge sa tír go mion is go minic sna dialanna. Údar suime é go raibh Ó Ríordáin ag cíoradh cheist an dátheangachais agus chumhacht an Bhéarla mar fhear óg, i bhfad sular tháinig dánta *Brosna* amach, gan trácht ar *Eireaball Spideoige*:

3/4/40 ...Más féidir liom buachtaint ar an eitinn agus mo shláinte d'fháil thar n-ais is féidir liom buachtaint ar an mBéarla—eitinn na Gaelainne—agus an Ghaeilinn do shlánú arís!

Is léir ón tús, áfach, nach raibh drochmheas ag Ó Ríordáin ar an mBéarla, ach a mhalairt; ba thábhachtaí go mór dó an Ghaeilge áfach.

Láthair na scríbhneoireachta

Tá cur amach fada fairsing ar an dán 'Cúl an Tí', ar a láthair breoiteachta agus cruthaitheachta, agus tá anseo, go bhfios dom, a chéad chuntas aige féin ar a sheomra beag féin, láthair na hinspioráide dó:

23/1/40 Ar chúl an tí atá an seomra beag codlata so agamsa (ní cur síos ná insint scéil ar mo sheomrasa 'seomra codlata' a thabhairt air, mar tá sé 'na oifig agus 'na leabharlann agus 'na sheomra bídih chomh maith agus fós 'na sanatorium).

Ní hamháin seo, ach caoineann sé an léargas cúng atá aige ar an saol amuigh de bharr gur sáinnithe ag cúl an tí atá sé, agus a bheidh feasta:

30/1/40 Tá an méid seo de leithscéal agam ná féadfainn cuntas mo shaoil a bhreacadh anso mar níl saol ar bith agam. Nílím ach ag féachaint ar an saol tré chaolfhuinneog mo phríosúin sa bhfásach.

Conclúid

Tá sé i gceist agam na dialanna go léir a thrasríobh, a chur in eagar, agus a chur i gcló de réir a chéile. Beidh Imleabhar I i gcló in 2020 agus beidh Imleabhar II (ó dhialann a 3 ar aghaidh) réitithe agam don chló faoi Eanáir 2020. Mo thuairim láidir ná go gcuirfidh na dialanna seo leis an meas atá ar Sheán Ó Ríordáin mar scríbhneoir agus mar smaointeoir leathanaigeanta, scoipiúil.

Íomhánna arna fhoilsiú le caoinchead Shainchnuasaigh Leabharlann James Joyce, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Taighde ar Mhionlogainmneacha



ALT LE
JUSTIN Ó GLIASÁIN

Tá taighde ar siúl agam ar mhion-logainmneacha in dhá bharúnacht darb ainm Uíbh Fhailí Thoir agus Uíbh Fhailí Thiar. In ainneoin an méid atá sna hainmneacha sin, tá an dá bharúntacht seo in iarthar Chontae Chill Dara, ar an teorainn le Contae Uíbh Fhailí agus Contae Laoise. Dúiche stairiúil ab ea Uíbh Fhailí, a chlúdaigh cuid mhaith de Chontae Uíbh Fhailí mar atá inniu, cuid de Chontae Laoise agus an dá bharúntacht seo i gContae Chill Dara, agus is é an dúiche stairiúil sin a thug an t-ainm sin dóibh. Aonaid stairiúla riaracháin a bhí sna barúntachtaí seo nach bhfuil mórán feidhme bainte astu sa lá atá inniu ann, ach úsáidtear iad go minic i dtaighde ar logainmneacha chun an ceantar taighde a theorannú. Clúdaíonn an ceantar atá i gceist anseo ceantar réasúnta mór suite mór-thimpeall ar Bhaile Chill Dara, ar an gCurrach, ar Mhainistir Eimhín agus ar Rath Iomgháin.

Is éard atá i gceist le mion-logainmneacha, ná logainmneacha nach bhfuil aitheantas oifigiúil acu de réir chóras riaracháin an stáit. Samplaí de na cineálacha gnéithe a bhíonn i gceist leo ná ainmneacha páirceanna, toibreacha, crosbhóithre, sruthán, portach agus cnoc. Toisc an stádas atá ag ainmneacha oifigiúla (ainmneacha cosúil le bailte

fearainn, bailte agus contaetha, cuir i gcás), bíonn siad in úsáid mar sheoltaí agus iad ar eolas ag formhór na ndaoine. Dá réir sin, cuirtear na hainmneacha sin ar aghaidh ó ghlúin go glúin. I gcás mionainmneacha, áfach, is minic nach mbíonn siad ar eolas ach ag dornán beag daoine sa cheantar áitiúil.


Ní fíor é sin i gcónaí ámh. Baineann ceann de na mionlogainmneacha atá idir lámha agamsa le háit cháiliúil ar an gCurrach, a bhfuil ainm na háite ar eolas ag daoine go forleathan, sa cheantar áitiúil agus timpeall na tíre ar fad. Is log é an áit seo, atá mar a bheadh amfaitéatar nádúrtha ann. Mar gheall ar an gcruth seo a bheith ar an áit, reáchtáladh troideanna dornálaíochta ann sa 18ú agus sa 19ú haois. Bhíodh na sluaite ag bailiú le chéile ann ó cheann ceann na tíre le haghaidh na n-ócáidí sin. Throid an dornálaí cáiliúil as Baile Átha Cliath, Dan Donnelly, ar an láthair cúpla uair ag tús an 18ú haois. Bhí bua iomráiteach aige ar an Sasanach Tom Hall ar an 14 Meán Fómhair 1814, agus

faoin am go raibh an dara troid aige san áit i gcoinne Sasanach eile, George Cooper, troid a bhuaigh an Baile Átha Cliathach, ba é *Donnelly's Hollow* an t-ainm a bhí ar an áit i measc an phobail, agus is ea ó shin i leith. Ar an suíomh anois tá leac in ómós do Donnelly agus tá an lorg a d'fhág a chosa agus é ag siúl i dtreo láthair an troda (mar dheal!) le feiceáil go soiléir ann.

San ainm *Donnelly's Hollow* thuas, tugtar léargas spéisiúil dúinn ar imeacht stairiúil a tharla breis agus 200 bliain ó shin, agus nuair a chloistear an t-ainm tugtar ar ais go dtí an t-am sin muid, go pointe áirithe. Is fíor é sin i gcás gach logainm, ach in amanna is beag eolas atá againn faoin stair sin taobh amuigh den ainm, agus go deimhin, is minic gurb é an t-ainm féin an t-aon rian atá fágtha den imeacht stairiúil, duine, gné, nó cibé rud eile a thug ainm don áit.

Tá sé seo soiléir ó ainmneacha na bpáirceanna Shanreilig (An tSeanreilig) agus Religeens (An Reiligín) atá suite ar an mbóthar idir Rath Iomgháin agus

Bailiúchán na Scol: Imleabhar 0778, Leathanach 081



Mainistir Eimhín. Dá bhfeicfeadh duine na páirceanna sin anois, ní bheadh a dhath le tabhairt faoi deara fúthu le hais na bpáirceanna eile atá timpeall orthu. Páirc eile lán cruithneachta, gan rian de reilig nó eaglais nó a leithéidí sin anois, ach léiríonn na hainmneacha seo gurbh ann dóibh fadó. I gcás na Seanreilige, tá tagairtí don áit i gcáipéisí stairiúla ag dul siar chomh fada leis an 17ú haois, agus léirítear i mBailiúchán na Scol, foinse béaloidis ó na 1930idí, go raibh an áit in úsáid mar ‘chillín’, áit a gcuirfí leanaí gan baiste, agus tá cuimhne ag muintir na háite go fóill ar an nós seo, nós a chuaigh ar aghaidh go dtí an 1950idí, nó níos deireanaí ná sin fiú. I gcás An Reiligin, ámh, is cosúil gurb é an t-ainm seo an

t-aon rian atá fágtha de cibé láthair eaglasta a bhí san áit fadó, agus is eolas fíorluachmhar é sin.



Donnelly's Hollow, leis an leac cuimhneacháin agus lorg chosa Dan Donnelly.

Ní léirítear thuas ach cuid bheag de na rudaí ar féidir tuiscint agus léargas a fháil orthu ach taighde a dhéanamh ar mhionlogainmneacha. Thar rud ar bith eile tugann na hainmneacha seo eolas dúinn faoin gcaoi ar chaith gnáthdhaoine a saol san am atá thart, faoin teanga a labhair siad, agus faoin gcaidreamh a bhí acu leis an tírdhreach mórthimpeall orthu. Tá eolas ar na rudaí seo réasúnta gann i bhfoinsí stairiúla, agus mar sin, is fiú go mór taighde den chineál seo a dhéanamh, agus, ós rud é nach maireann cuid de na hainmneacha seo ach i mbéal an phobail amháin, tá práinn ar leith ag baint leis na hainmneacha seo a bhailiú sula ligfear i ndearmad iad.

Seán Mac Mathúna agus Béaloideas na mBan in Iarthuaisceart an Chláir

////////////////////////////////////



ALT LE
MICHELLE DUNNE


Ar chuala tú trácht ar Bhríd Ní Dhanachair i Sráid na nIascáir? Nó b'fhéidir ar Mháire Ní Chonsaidín as dúiche Aillte an Mhothair? Níor chuala? A thiarcais! Bhuel, coinnigh ort ag léamh agus roinnfidh mé a scéal leat.

Thug an bailitheoir béaloidis, Seán Mac Mathúna (1876–1949), cuairt orthu go rialta agus é ag tiomsú scéalta ina cheantar dúchais sna tríochaidí agus sna daichidí. Níl a gcuid ainmneacha ar eolas ag aon duine anois. Ní thiocfaidh tú ar ghrianghraif díobh i measc na bhfaisnéiseoirí eile as Co. an Chláir ar www.duchas.ie. Seanmhna agus

sárGhaeilgeoirí ab ea na mná seo. Chuaigh Mac Mathúna chucu chomh minic sin mar thuig sé go raibh stór saibhir eolais acu maidir le béaloideas agus nósanna an cheantair. Bhailigh sé réimse leathan seanchais uathu idir amhráin agus scéalta de gach saghas, seanchas áitiúil agus paidreacha. Ligeadh i ndearmad iad cosúil le go leor ban eile i stair na hÉireann.

Oibrí feirme ab ea Mac Mathúna féin agus chónaigh sé ar imeall an Atlantaigh sa Luach Thuaidh, Dúlainn, gar do na hailte is cáiliúla in Éirinn, Aillte an Mhothair. Ba idir na

blianta 1935 agus 1947 a d'oibrigh Mac Mathúna (1876–1949) mar bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha ag Coimisiún Béaloideas Éireann in iarthuaisceart an Chláir. Bhí seanchas áitiúil á thiomsú aige ar bhonn deonach ó casadh Séamus Ó Duilearga, Stiúrthóir Choimisiún Béaloideas Éireann, air sa bhliain 1929 chomh maith. Cuimsíonn cnuasach Mhic Mhathúna níos mó ná 11,000 leathanach san iomlán. Is dialann beagnach 4,000 acu agus tá 200 litir san áireamh. Thaistil sé ar fud na dúiche ag bailiú béaloidis ó fhir agus ó mhná. Níl aon rud scríofa go dtí seo faoin gcineál



Seán Mac Mathúna (An Bailiúchán Grianghraf, M001.19.00002)

seanchais a bailíodh ó na mná seo.

Rinneadh neamhaird go rómhinic ar an seanchas a bhí de ghlanmheabhair ag mná. Ba scéalai iomráiteach é Stiofán Ó hEalaoire ón gceantar céanna sa Chlár agus is ceart go bhfuil sé i mbéal an phobail fós, ach d'fhoghlaím sé go leor scéalta ina óige óna mháthair, Cáit Ní Dhanachair. Seanchaí ab ea Cáit í féin ach níl clú agus cáil uirthi cé gur mhúscaíl sí suim sa scéalaíocht ina mac.

Fágadh ceist na hinscne ar lár go rímhinic i réimse an bhéaloidis agus is beag an tuiscint atá ag scoláirí ar an inscne sa bhéaloidis dá bharr. Tá borradh faoin taighde seo in Éirinn le roinnt blianta anuas, áfach. Is iomaí díolaim scéalta ó mhná atá curtha i gcló anois, leithéidí Cáit 'An Bhab'

Feiritéar, Mairéad Ní Mhionacháin agus Peig Sayers ina measc. Rinne taighdeoirí cosúil leis an Oll. Lillis Ó Laoire agus leis an Dr Ailbhe Nic Giolla Chomhaill iarrachtaí le déanaí chun an t-eolas faoi mhná agus ó mhná sa seanchas a thuiscint i gceart. Is é sin an cuspóir atá romham i mo chuid taighde féin. Ba mhaith liom aird a tharraingt ar bhanscéalaithe an Chláir agus iad a ainmniú. B'fhiú tuilleadh plé a dhéanamh orthu agus is cinnte go bhfuil aitheantas tuillte acu as a ról i gcaomhnú an dúchais sa chontae sin.

Scrúdóidh mé an meon a bhí ag muintir an Chláir i leith iompar agus ról (traidisiúnta) na mban i lámhscríbhinní Mhic Mhathúna. Fiosróidh mé an bhanúlacht 'idéalach' mar a rinneadh cur síos uirthi sa chnuasach agus tabharfaidh mé léargas ar shaol na mban sa tréimhse sin ó scríbhinní Mhic Mhathúna agus ó na scéalta féin. Cuirfidh mé roinnt scéalta agus samplaí eile de bhéaloidis na mban in eagar sa tráchtas chomh maith chun éagsúlacht an ábhair a léiriú. Foilseofar bailiúchán Mhic Mhathúna ar www.duchas.ie ag deireadh mo chéim dhochtúireachta freisin sa chaoi go mbeidh fáil air ó gach cearn den domhan. Creidim go spreagfaidh an tionscadal seo taighdeoirí eile nár thuig éagsúlacht agus fíorluach na scéalta a d'inis banscéalaithe na tíre seo.

Peig Sayers (An Bailiúchán Grianghraf, M001.18.00697)



Cáit Feiritéar (An Bailiúchán Grianghraf, M001.18.00242)



Feidhmiúlachas in Aistriúchán Drámaíochta na Gaeilge



ALT LE
JAMIE MURPHY

Is minic a shamhlaítear ceird an aistriúcháin mar phróiseas meicniúil ina ndéantar teanga amháin a mhapáil ar theanga eile agus nach bhfuil le sárú ach fadhbanna teangeolaíochta amháin, ach ní mar sin atá sé ar dhóigh ar bith. Cé go dtéann stair an aistriúcháin siar i bhfad, is coincheap sách nua é staidéar an aistriúcháin de réir mar a shamhlaítear é sa lá atá inniu ann. Is féidir an léann seo a rianú siar go dtí tús an 20ú haois agus ó shin i leith, cuireadh neart teoiricí agus hipitéisí ar aghaidh faoina bhfuil ar siúl faoi dhromchla teangacha agus i gcúlra phróiseas an aistriúcháin trí chéile.

Ba é Eugene Nida duine de na chéad daoine a mhaigh gurbh fhéidir aistriúcháin a chatagóiriú mar aistriúcháin dhinimiciúla agus aistriúcháin fhoirmeálta. Is ionann aistriúcháin fhoirmeálta agus aistriúcháin ar leibhéal teangacha agus na ceangail séimeantaice eatarthu. Os a choinne sin, is ionann aistriúcháin dhinimiciúla agus aistriúcháin a gcuimsítear iontu go leor ceisteanna amhail na difríochtaí idir cultúir, caidreamh cumhachtaí idir teangacha chomh maith le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí ama, staire agus go leor eile. Pléann scoláirí eile ar nós Itamar Even-Zohar agus Gideon Toury le ‘noirm’ san aistriúchán. Go bunúsach, is éard atá i gceist le norm ná gné chultúrtha

a nglactar léi go forleathan i sochaí áirithe. Athraíonn na noirm seo ó ghlúin go glúin agus ó chultúr go cultúr agus is iad na daoine féin i sochaithe éagsúla a iompraíonn agus a rialaíonn na noirm seo. Ó thaobh an aistriúcháin de, maítear go nglacfaidh aistriúcháin le noirm na sochaí má tá áit imeallaithe ag aistriúcháin ar an iomlán, nó go ndéanfaidh aistriúcháin noirm nua a bhrú ar aghaidh má tá áit lárnach ag aistriúcháin sa tsochaí atá i gceist. I gcás na Gaeilge, bhí áit lárnach ag aistriúcháin thar na blianta toisc gur ceapadh go raibh instealladh litríochta cultúrtha de dhíth i ndiaidh bhunú an tSaorstáit in Éirinn. Chun an fhís seo a fhíorú, bunaíodh An Gúm agus cuireadh tús le scéim mhór aistriúcháin inar glacadh le lear mór aistriúchán chun litríocht na Gaeilge a athbheochan.


Is féidir a lán daoine mór le rá eile i réimse an aistriúcháin a lua ar nós Lawrence Venuti agus a choincheap ‘Dofheictheacht an Aistritheora’ (*Translators’ Invisibility*) nó Anthony Pym agus ‘Saghsanna Struchtúr Sochar san Aistriúchán’ (*Types of Reward Structures in Translation*) ach pléann ceist an tráchtas seo le feidhmiúlachas san aistriúchán. Is iad Hans Vermeer, Katharina Reiß agus Christiane Nord, i measc go leor eile, na príomhimreoirí i mbrainse an fheidhmiúlachais. De réir mar a forbraíodh smaointe i dtaobh an

aistriúcháin thar na blianta, tuigeadh de réir a chéile gurbh fhearr i bhfad níos mó béime a chur ar an spriochtéacs seachas gach uile ghné den bhuntéacs a thabhairt slán nó a chaomhnú. Measann Vermeer gurb í an eilimint is tábhachtaí i bpróiseas an aistriúcháin ná feidhm an aistriúcháin a oibriú amach sa sprioc-chultúr agus an t-aistriúchán a bhunú ar an bhfeidhm sin nó ar na feidhmeanna sin. Is ionann an próiseas seo agus ‘*Skopos*’ arb é an focal Gréigise é le haghaidh ‘aim’ nó ‘purpose.’ Fágann sé an chumhacht ar fad faoin aistritheoir, mar shaineolaí traschultúrtha lena eolas domhanda, an t-éacht seo a fhíorú. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal gur smaoineamh loighciúil é seo, maíonn leithéidí Nord gur ceart dílseacht éigin a choinneáil leis an mbuntéacs agus na heilimintí a bheidh le caomhnú a fhiosrú ar dtús sula soláthraítear an spriochtéacs. Is ionann seo agus Anailís ar Théacsanna san Aistriúchán (*Text Analysis in Translation*) agus tá an tráchtas seo bunaithe ar an anailís seo.

Is í aidhm an tráchtas seo ná anailís Nord a chur i bhfeidhm ar dhrámaí aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge agus na feidhmeanna i ndrámáíocht na Gaeilge a mhapáil agus a iniúchadh. Ceaptar ag an staid seo nach ionann na feidhmeanna sna buntéacsanna agus sna spriochtéacsanna ar an iomlán ach bainfear úsáid as an anailís seo chun

gnéithe i ndrámáíocht aistrithe na Gaeilge a fhiosrú. Ní rún é gur baineadh úsáid as drámáíocht na Gaeilge mar uirlis bholscaireachta ag tús an 20ú haois agus cuireadh cinsireacht i bhfeidhm i gcásanna áirithe chun na Gaeil a shábháil ó thionchair iasachta nár chloígh le noirm an náisiúnachais Ghaelaigh in Éirinn. Anuas ar fheidhm na bolscaireachta, díreofar ar fheidhm theagasc na Gaeilge do dhaoine in amharclanna na tíre, úsáid an stáitse mar ardán chun Gaeilge 'mhaith' a chur chun cinn agus feidhm na drámáíochta in Éirinn chun cur le litríocht na Gaeilge go pras. Ceaptar ag an staid seo go n-athróidh na feidhmeanna sna leaganacha Gaeilge i gcomparáid lena macasamhlacha iasachta ach bítear ag súil go léireofar na torthaí sin in anailís Nord amach anseo.

Oíche Shamhna



SCÉAL LE
SINÉAD CURRAN (BOId4)

Is cuimhin liom go maith é, an 31ú lá de mhí Dheireadh Fómhair a bhí ann agus bhí gach duine ar Ascaill Uí Ghríofa ag fáil réidh d'Oíche Shamhna. Bhí na tithe go léir ar an tsráid maisithe ó bhun go barr le puimcíní, cnámharlaigh agus rudaí eile a bhain leis an séasúr. Bhí na páistí uilig gléasta suas agus iad ag iarraidh eagla a chur ar a gcairde. Gach bliain ó bhí muid sé bliana d'aois, théinn féin agus mo chairde ó dhoras go doras ag ceol agus ag damhsa chun airgead agus milseáin a fháil. An bhliain seo, bhí muid uilig ar bís nuair a dúradh linn nach mbeadh ár dtuismitheoirí linn den chéad uair riamh. Dúradh linn na mílte uair sular imigh muid gan cnag a chur ar dhoras 232. Creideadh go forleathan sa cheantar go raibh taibhsí ina gcónaí ann. Chualathas fuaimeanna amhrasacha agus soilse aisteacha ag teacht ón teach ach ní raibh trácht ar dhuine ar bith sa teach le fiche bliain anuas.

Páistí ciallmhara a bhí ionainn i gcónaí, ach leis an neamhspleáchas úr seo, thug muid neamhaird ar chomhairle ár dtuismitheoirí agus shocraigh muid cuairt a thabhairt ar uimhir 232. Ag a hocht a chlog, chuaigh muid amach san oíche dhubh dhorchá ag dréim leis an eachtra a bhí romhainn. Shiúil muid díreach go dtí an teach agus sheas muid taobh amuigh den gheata.

'Níl mé faoi Dhia ag dul isteach ansin,' arsa Máire.

'Ná bí leadránach!' a scairt Liam agus é ag oscailt an gheata mhóir chruach. Bhí muid uilig ar crith le heagla. Bhrúigh Liam an doras go bog agus leath an doras ar oscailt láithreach mar bhí an ghaoth taobh thiar de. Nuair a shiúil muid isteach, dhruid an doras ar ár gcúl de phlab agus lig muid béic mhór asainn. D'amharc muid thart agus bhí an áit lán le troscán sean-aimseartha agus cúisíní. Bhí pictiúir crochta ar an bhalla agus dusta orthu. Bhí an áit ina phráiseach iomlán. Ansin, chonaic muid figiúr mór dubh ag barr an staighre.

'Tá speabhraídí orainn,' arsa Liam, 'Ní hann do thaibhsí...' Bhí muid uilig dóchasach gurb í seo an fhírinne ach bhí na mílte scéal cloiste againn faoin taibhse uafásach in uimhir 232. Ní raibh muid in ann an figiúr a dhéanamh amach i gceart go dtí gur las sé coinneal agus chonaic muid fear grinn ollmhór agus scian ina lámh aige ag féachaint anuas orainn. Rith muid amach as an teach ar nós na gaoithe agus níor stop muid den rith go dtí gur shroich muid stáisiún na nGardaí. Nuair a tháinig na Gardaí chun fiosrúchán a dhéanamh ní raibh tásca ná tuairisc ar an bhfear ach bábóg gléasta i gculaith fhir ghrinn.

7.05 *BLÍP* *BLÍP* *BLÍÍÍÍP*
BLÍÍÍÍÍÍÍÍP

Ghearr torann an aláram isteach i mo chloigeann. Ugh! Luan eile. D'oscail mé mo shúile troma. Ní raibh an ghrian ag taitneamh go fóill fiú! Chuala mé mo thuistí thíos staighre ag útamáil timpeall na cistine chun bricfeasta a réiteach. Chaith mé na braillíní uaim.

8.05 Bhí an bus déanach arís.

Bíonn laethanta ann nach dtagann sé fiú. Ghuigh mé ó mo chroí amach go dtiocfadh an bus sular shroich Sandy an stad. Ní raibh an t-ádh liom. 'Haigh, a Stiofáin,' a dúirt sí, 'Conas a bhí do mhaidin?' Mhóthaigh mé bolg tinn ag teacht orm.

9.05 Faoi dheireadh! Thuirling an bus taobh amuigh den scoil. 'Slán!' Bhrúigh mé thar Sandy (a bhí ina suí in aice liom) chomh gasta agus ab fhéidir. Rith mé ón mbus.

Fan! Stop mé i lár an chosáin. Bhí rud éigin mícheart. Sea. Cinnte go raibh. Chuala mé bean ag screadaíl. A leithéid de ghuth. Iníon Ní Cheallaigh a bhí ann. Bhí cuimhne agam uirthi ón am a bhí mé i Rang a Trí.

Chas mé an cúinne agus is ansin a fuair mé é. An boladh. Lofa. Dochreidte lofa. Amhail is gur phléasc bó ina cac féin.

Chonaic mé Iníon Ní Cheallaigh ansin, ar a glúine ag caoineadh. "An leithreas!" a scread sí. "Phléasc an leithreas!"

10.05 Ááá! Shín mé amach ar an tolg, an teilifís os mo chomhair. Cé a chreidfeadh é? Leithreas ag pléascadh! An seomra ranga ina phraiseach! An scoil dúnta ar feadh seachtaine ar a laghad. Ní bheidh a leithéid ann arís.

DHÁ SCÉAL

DHÁ SCÉAL DO PHÁISTÍ LE
CRÍOSTÓNA NÍ LAIMHÍN
(Boid4)

Dhúisigh Siobhán go tobann. Bhí sé dubh dorch sa seomra. Meán oíche a bhí ann. D'éist sí go ciúin leis an oíche. Tost. Bhí gach duine fós ina chodladh... seachas í féin.

'Siobhán.' D'fhéach sí ar an dorchadas arís. Cé a dúirt sin? 'Siobhán.' Ón bhfuinneog a tháinig sé.

Dhreach sí suas ar leac na fuinneoige. 'Cé atá ann?' Ní raibh ach cogarnaíl ina guth.

'Siobhán.' Mheall an guth arís í.

Amach an fhuinneog léi. 'Cá bhfuil tú?' a d'fhiafraigh sí den oíche.

'Sa choill, a Shiobhán, sa choill.'

Is ansin a chuala sí an mhír cheoil ealaíonta. Shiúil sí cosnochta tríd an bhféar fliuch—thar an mballa agus tríd an bpáirc go dtí Coill na bhFiann.

Dúirt a hintinn léi dul ar ais chuig a leaba. Nár thug a Mamaí rabhadh di faoin muintir aisteach a chónaigh sa choill? Ach bhí rud éigin á mealladh—fiosracht? Draíocht? Ba chuma.

Lean sí an ceol trí na crainn. Bhog a cosa astu féin. Anois is arís, bhuail faitíos í ach d'ardaigh an ceol a croí láithreach agus lean sí ar aghaidh.

Faoi dheireadh, tháinig sí ar bhriseadh sna crainn. Phléasc a cluasa leis an gceol álainn meidhreach. Bhí sióga beaga ag luascadh agus ag rince isteach is amach i solas na gealaí, a gcuid éadaí ag glioscarnach faoi na réaltaí.

'A Shiobhán,' a mheall an guth arís. 'Bí ag damhsa linn.' Léim sí isteach ag síneadh a géaga agus ag luascadh agus ag luascadh. Tháinig meadhrán uirthi ach ba chuma léi. D'ith sí agus d'ól sí agus bhí sí ag damhsa ar feadh na hoíche.

Is ansin, a luigh sí siar ar an bhféar in aice leis an tsióg leis an ngúna gorm, agus d'iarr sí uirthi fanacht leo—'Beidh spraoi againn, a ghrá, gach uile oíche!'


Ní thiocfadh léi smaoineamh ar fháth gan glacadh leis an gcuireadh. An raibh domhan eile taobh amuigh den choill nó an brionglóid a bhí sa saol eile sin?

Dhúisigh Siobhán go tobann, deora ina súile. D'inis siad bréag di. Ní raibh damhsa ann ach dorchadas. Ní raibh bia ann ach ocras. Ach ní raibh cuimhne aici ar aon saol eile. An raibh domhan taobh amuigh den phluais nó an brionglóid a bhí ann?



COMHBHUAITEOIR
SCÉAL NÓ DÁN DO PHÁISTÍ
Urraithe ag **Futa Fata**

Domhan Harry Potter



CUNTAS LE
REBECCA WOODS (Boid4)

‘Is seanmháthair thú!’ Sin an rud a dúirt mo dheartháir liom gach oíche nuair a bhí mé óg. An fáth a raibh an leasainm sin tugtha dom ná go raibh saghas gnáthaimh agam gach oíche. Tóg an tréimhse nuair a bhí mé ocht mbliana d’aois: gach oíche ag a naoi a chlog, chuaigh mé go dtí mo sheomra leapa beag, las mé an lampa, chuir mé an blaincéad ab fhearr liom timpeall orm agus thosaigh mé ag léamh. Thaitin leabhair de gach saghas liom ach tá rud éigin faoi leith faoin leabhar is fearr liom. Tá rud speisialta ann nach bhfuil aimsithe agam in aon leabhar eile. Is é sin na mothúcháin a bhaineann leis. Ní bhaineann na mothúcháin sin leis an scéal ná leis na carachtair, cé go bhfuil siad siúd an-tábhachtach. Nuair a smaoiním ar an leabhar, bím ag smaoineamh ar an atmaisféar a bhí istigh sa seomra beag sin.


Thóg na leabhair i sraith *Harry Potter* na mothúcháin dom agus d’fhan siad

liom. Chruthaigh an chéad leabhar domhan éagsúil nach bhfaca mé riamh. Bhí mé gafa leis tar éis an chéad líne a léamh, gafa leis an mistéir a bhain leis. Mar aon leis an stíl scríbhneoireachta agus an domhan nua a chruthaigh J.K. Rowling, bhí compord éigin ceangailte leis an leabhar. Nuair a bhí mé á léamh, bhí suaimhneas ag baint leis. Bhí mé sábháilte leis an mblaincéad timpeall orm, mé ag taisteal go saol eile. Is minic a smaoiním ar an tréimhse sin nuair a bhíonn drochhlá agam agus mé ag iarraidh éalú uaidh. Téim ar ais chuig *Harry Potter* leis na mothúcháin shuaimhneacha sin a fháil agus chun mo phaisean a spreagadh. Tuigim anois go raibh an taithí sin a bhí agam an-speisialta ar fad. Bhí an t-ádh orm go raibh mé in ann an t-atmaisféar sin a aimsiú i leabhar beag amháin agus spreag *Harry Potter* mé chun seans a thabhairt do leabhair éagsúla.



Grianghraf: Aoife Ní Chearbhaill

Tá an grá cosúil le cabáiste
Roinnte ina dhá leath
Tabharfaidh mé na duilleoga do dhaoine eile
Ach, an croí, tabharfaidh mé duit é.



DÁN LE
AMY DOYLE (BOid4)

Tá an grá atá agam duit
Chomh mór le heilifint.
Is annamh a léirím é,
Ach is breá liom thú níos mó ná cupán tae.

DÁN LE
LAOISE NÍ LAOIRE (BOid4)

Tá rósanna dearg
Tá sailchuacha gorm
Tá srón mhór ort, ach fós
Is aoibhinn liom tú.
(Mar tugann tú seacláid dom.)

DÁN LE
ORLAITH MCMAHON (BOid4)

Lá Fhéile Vailintín,
Lá Fhéile Vailintín atá ann.
Níl bláth ná buachaill amháin le feiceáil
Seachas nóinín ó mo dhaid.

DÁN LE
JACKIE RAINEY (BOid4)

Tá rósanna dearg,
Tá sailchuacha gorm,
Níl páirtí agat?
Ná bí buartha,
Tá seacláid agus Netflix ann.
Tá sé sin níos fearr, nach bhfuil?

Tá rósanna dearg,
Tá sailchuacha gorm,
Tá páirtí agam cheana féin,
Ná bí ag féachaint orm!



DÁN LE
AILBHE KELLY (BOid4)

Tá rósanna dearg,
Tá gorm sa spéir,
Is tusa mo ghrá-sa,
Nach bhfuil sin sách soiléir?


DÁN LE
SEÁN HAYES (BOId4)

Is Vailintín beag mé
Dearg agus bán,
Le ribíní agus lása
Is radharc álainn mé.
Thig liom a rá go bhfuil mé i ngrá leat
Ar an lá speisialta seo,
Cuir mé i gclúdach litreach
Agus cuir chun bealaigh mé!

DÁN LE
ÉAMONN Ó COLM (BOId4)




Tá a shúile cosúil leis an aigéan
Agus a mheangadh chomh geal leis an ghrian
Tá mé gafa le cumhra a cholainne mealltaí
A ionsaíonn mo pholláirí fiú nuair atá sé i gcéin.



DÁN LE
SINÉAD CURRAN (BOId4)

Chonaic mé é ar thaobh an bhóthair. Bhí rud éigin mícheart leis. Bhí sé ag féachaint ar an talamh, ag casadh a mhéar. D'aithin mé ansin go raibh sé ag fanacht ar dhuine éigin.

Bhí bláthanna ina lámh, crobhaing mhór tiúilipí. D'fhéach sé ar a uaireadóir arís agus arís. Bhí sé ag cur allais. Ansin, thosaigh a shúile ag lonrach le háthas. Chonaic mé ansin go raibh a sheanmháthair ansin le lámha oscailte ag fanacht ar bharróg!



MÍR LE
CLAIRE MADDEN (BOId4)



Tabhair aire duit féin...

...ar líne



ALT LE
SEÁN Ó NUALLÁIN (GG3)

Tá daoine ar an saol seo de gach uile shaghas. Is deacair uaireanta ionbhá a bheith agat le daoine eile, go háirithe nuair atá a gcuid mianta an-difriúil le do mhianta féin. Is féidir le roinnt daoine maireachtáil gan a bheith ag smaoineamh mórán faoi thuairimí dhaoine eile, agus do dhaoine eile déanann siad a gcinntí ar fad bunaithe ar an tslí a mbreathnaíonn daoine eile ar a gcuid gníomhartha. Baineann sé seo le déagóirí agus daoine óga go ginearálta, go háirithe agus iad ag baint úsáide as na meáin shóisialta. Tá a fhios agam go raibh mise sa chás céanna ar feadh na mblianta. Ní bhím ag cuartú an méid céanna sásaimh ó dhaoine eile a thuilleadh, ach tá giota de fós ann. Mar sin féin, ba mhaith liom cúpla pointe comhairle a chur ar dhaoine maidir le húsáid na meán sóisialta sa dóigh is nach mbraitheann siad ar thuairimí dhaoine eile an oiread céanna:

1. Ar dtús is féidir cabhair an-mhór a thabhairt duit féin trí do leathanaigh ar na meáin shóisialta a 'ghlanadh' beagán. An rud a rinne mé féin ná go bhfuair mé réidh le cuid mhór de na 'cairde' a bhí agam ar Snapchat. Bhí mé ag caitheamh an iomarca

ama ag féachaint ar scéalta dhaoine eile nach raibh ag cur ar chor ar bith le mo shaol. Bhí mé buartha ar dtús go mbeadh na daoine sin ag smaoineamh an iomarca faoi, ach tar éis tréimhse caite, tar éis roinnt acu a fheiceáil taobh amuigh de na meáin shóisialta, ba léir nár chaith siad mórán ama ag smaoineamh air!

2. Úsáid na meáin shóisialta mar liosta teagmhálaithe go pointe. Smaoinigh ar na daoine a bhfuil d'uimhir fóin acu nó a mhalairt. Daoine lena mbíonn tú ag labhairt go rialta, nó daoine gur féidir leat labhairt leo ar líne go tobann gan iad a bheith ag smaoineamh cén fáth. An gá duit fós bheith i do 'chara' leis an duine sin a raibh tú ag cóisir leo blianta ó shin, gan aon teagmháil idir an dá linn? An bhfuil tú ag súil le labhairt leis/léi go luath? Déarfainn nach gá duit iad a leanúint ar achan suíomh. Coimeád an cainéal ar oscailt leo ar Facebook má tá tú ag iarraidh, agus faigh réidh leo ar na suíomhanna eile. Coimeád do chuntas ar Snapchat agus Instagram an-bheag. Is féidir cuntas nua a dhéanamh fiú, ansin nuair atá tú ag glacadh le cairde beidh a fhios agat cé ba chóir a bheith ann.
3. Chomh maith leis sin, ní gá duit an aip Facebook a bheith agat ar d'fhón. Is cur amú spáis é agus caithfidh tú níos lú ama air nuair a chaithfidh tú dul ar bhrabhsálaí nó ar do ríomhaire. Má tá aon rud práinneach ann, rachaidh duine i dteagmháil leat ar Messenger, aip a choimeádfainn.
4. Píosa eile comhairle atá cumhachtach: ní gá iarratas cairdis a chur chuig achan duine atá ina 'chara molta'. Tuigfidh tú an easpa tábhachta a bhaineann leis na suíomhanna seo nuair atá aithne agat ar dhuine, duine lena labhraíonn tú go minic sa choláiste, san ionad oibre nó i gclub/foireann éigin gan a bheith mar chara leo ar Facebook nó a leanúint ar Instagram. Is gníomh thar a bheith cumhachtach duit féin é, mar tuigfidh tú nach coinníoll cairdis é an cairdeas ar líne. Níl mé ag rá gan aon iarratas a sheoladh chuig éinne, ach díreach smaoineamh ar an gcúis a bhfuil tú á sheoladh sula seolann tú é.

5. Rud beag eile, ná bí ag lorg an ama is deireanaí a bhí duine ar leith ar líne. Is féidir dul ar 'Ghost mode' ar Snapchat agus an t-am is deireanaí a bhí tú ar líne a chur i bhfolach. Nuair a rinne mé féin sin, chaith mé níos lú ama ag cuartú an eolais sin maidir le daoine eile. Cuir do mhuinín i ndaoine go bhfuil cúis ann nach bhfuair tú freagra go fóill; b'fhéidir nach bhfaca siad é nó go bhfuil siad thar a bheith gnóthach. Má smaoiníonn tú faoin gcás is measa i gcónaí tá tú ag cruthú frustrachais duit féin gan chúis. Beidh sé deacair é a dhéanamh ag an tús ach, mar a deirtear, "cleachtadh a dhéanann máistreacht".

Bhí an t-ádh dearg liom go raibh cairde iontacha agam i rith na tréimhse sin i mo shaol nuair a bhí mé ag brath go mór ar na meáin shóisialta: ní raibh mé ag streachailt, ach ní raibh mé sásta leis an tslí a raibh mé ag smaoineamh. D'éirigh liom teacht ar mo chuid tuairimí féin mar gheall ar na meáin shóisialta de réir a chéile, toisc go raibh mé in ann díriú ar na daoine a smaoinigh orm taobh amuigh de na haipeanna. Seo an rud is tábhachtaí duitse atá fós ag léamh agus ag cuartú freagra. Seas siar ar feadh soicind agus smaoinigh ar na daoine a bhíonn i dteagmháil leat go rialta, na daoine a chuirfeadh am ar leataobh duit i gcás éigeandála pé scéal é. Do dhuine ar bith nach bhfuil sa ghrúpa seo, ar ndóigh, is féidir glacadh leo ar na meáin shóisialta, ach ná déan an iomarca iarrachta iad a shásamh.

Pé scéal é, is tábhachtach meas a bheith agat ort féin agus do thuairimí. Mar sin má tá tú ag iarraidh rud éigin a dhéanamh, fad is nach bhfuil tú ag sárú dlí nó ag cothú fulaingthe, déan é agus ná bac le tuairimí dhaoine eile, seachas daoine a gcuirfeá do mhuinín iontu. Bí rud beag leithleasach ó am go ham agus tabhair aire duit féin.

Tuairisc.ie

BUAITEOIR, 2Ú DUAIS
IRISEOIREACHT
*Urraithe ag **Tuairisc.ie***

**FAIGH NA
SCÉALTA AR FAD
TUILLEADH ALT
LE LÉAMH AR
WWW.SCATHAN.IE**

1977
2019